

People
DAOINE

Excellence
FEABHAS

Reputation
CÁIL

Enterprise
FIONTRAÍOCHT

Knowledge Transfer
AISTRÍU EOLAIS

Clár Ábhair

▶ Fís & Ráitis Misin SFI	3
▶ Bunluachanna SFI	4
▶ Baill Bhoird SFI	9
▶ Ráiteas an Chathaoirligh	10
▶ Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	12
▶ Éachtaí 2009	15
▶ Fógraí Reachtúla agus Eile	37
▶ Struchtúr Eagraíochtúil	40
▶ Ráitis Airgeadais 2009	41
▶ Ceangaltais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2009	54



“Tá Éire anois sa bharr 20 náisiún do cháilíocht na bhfoilseachán eolaíoch”

Fís:

- ▶ Beidh Éire ina ceannaire feasachta domhanda a chuireann taighde eolaíoch agus innealtóireachta i gcroílár a sochaí chun forbairt eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta a chumhachtú.

Misean:

- ▶ Forbróidh agus láidreoidh SFI taighde eolaíoch agus innealtóireachta agus a infreastruchtúr sna réimsí a bhfuil an luach straitéiseach is mó acu d'iomáochas agus d'fhorbairt fadtéarmach na hÉireann.

Bunluachanna SFI:

► **Sármhaitheas:**

Tugaimid maoiniú do taighde den chéad scoth atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

► **Bainteacht:**

Táimid tiomanta don ról atá ag SFI i bhforbairt na hÉireann agus don phobal taighde.

► **Straitéiseach:**

Táimid físeach, déanaimid pleanáil go fadtéarmach agus infheistímid i dtaighde le hiarmhairtí chun leasa geilleagair agus sochaí na hÉireann.

► **Nuálaíocht:**


Táimid dinimiciúil, comhoibritheach, cruthaitheach agus freagrúil do riachtanais síor-athraithe ár ngeallsealbhóirí.

► **Ionracas:**

Spreagaimid muinín trí ghníomhú go cothrom, go hoibiachtúil, go macánta agus go trédhearcach ar an mbealach a oibrímid agus an taighde a mhaoinímid.

► **Taighde teorann:**

Oibrímid ag teorainneacha an taighde. Déanaimid luathú ar fheasacht, spreagaimid idirdhisciplíneacht agus cuirimid nascálacha le tionscal chun cinn.



*“Tá leibhéal
foilseachán na
hÉireann tar éis
dúbailt le deich
mbliana anuas”*

Ghlac SFI páirt i dTaispeántas Eolaí Óg BT mar aon le duais speisialta a bhronnadh

Ionad taighde nua CSET - Systems Biology Ireland bunaithe, faoi stiúir Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le tacaíocht ó thaighdeoirí in OÉ Gaillimh agus comhpháirtithe tionscail.

Foilsíodh Straitéis nua SFI dar teideal „Cumhachtú an Gheilleagair Ghlic’ 2009-2013.

Straitéis Fuinnimh SFI Foilsithe.

D’aimsigh Taighdeoirí SFI géinte a d’fhorbair i ndaoine daonna i ndiaidh scoilt in éabhlóid daoine daonna ó phríomhaigh eile, rud a chruthaigh féidearthachtaí nua maidir le tuiscint níos fearr a fháil ar an duine daonna.

D’oibrigh SFI i gcomhar le IDA Ireland chun seimineár T&F a réachtáil do lucht tionscail sa tSeapáin.

D’oibrigh SFI i gcomhar le IDA Ireland agus Fiontraíocht Éireann chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn in BIO 2009 Atlanta – an taispeántas eolaíochtaí beatha is mó ar domhan.

Tá Blue Box Sensors Ltd, mac-chuideachta OÉ Má Nuad, bunaithe ar theicneolaíocht atá paitinnithe ag an Ollamh John Lowry.

Braiste Taighde Straitéiseach SFI nua: Teiripic Mhóilíneach agus Ailse faoi stiúir an Ollaimh John Crown.

Labhraíonn an tUachtarán Mhic Giolla Iosa ag seimineár de chuid SFI in MIT i mBostún.

Ghlac taighdeoirí SFI páirt i gcuibhreannas idirnáisiúnta a raibh sé mar aidhm leis seicheamh DNA le haghaidh 10,000 speiceas veirteabrach a mhapáil.

Mic léinn meánscoile ó gach cúige sa tír ag glacadh páirte i gcrabhbhchomórtas na Díospóireachta Eolaíochtaí.



Úsáideann riarachán an Uachtaráin Obama teicneolaíocht idirlín forbartha ag DERI, OÉ Gaillimh ina shuíomh gréasáin nua – Recovery.gov.

Siompóisiam idirnáisiúnta ar nanaitheicneolaíocht, le ceannairí nanaeolaíochta arna óstáil ag an Ionad um Thaighde Nani-Struchtúir agus Nani-Fheistí Oiriúnaitheach (CRANN).

Oscailt oifigiúil d'fhoirgneamh nua de chuid Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh.

Fógairt 5 Braislí Taighde Straitéiseacha nua de chuid SFI a rachaidh i gcomhpháirtíocht le 22 cúideachta.

Cruinniú Eurohorcs i mBaile Átha Cliath.

Tháinig taighdeoirí i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ar réiteach ar fhadhb ceimice a chrá taighdeoirí ar fud na cruinne ar feadh breis agus deich mbliana – réiteach a chruthaíonn deiseanna chun drugaí éagsúla a fhorbairt.

Fóram Tráchtálaithe CSET Bunaithe.

D'fhógair CRANN agus HP clár taighde chun cur le forbairt na dtaispeántas solúbtha ar féidir a úsáid le haghaidh ríomhairí glúine, r-leabhair agus fearais leictreonacha eile.

D'fhéadfadh othair scléaróis iolrach, airtríteas réamatóideach agus diaibéitis leas a bhaint as fionnachtain taighde de chuid an Ollaimh le hIldhíoneolaíocht Trialach, Kingston Mills agus a fhoireann taighde i gColáiste na Tríonóide.

Bhailigh 350 taighdeoir i mBaile Átha Luain le haghaidh Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI 2009 – Tuairimí, Nuálaíocht, Tionchar.

SRC Matamaitice agus Ríomha nua arna threorú ar an Ollamh Brabazon, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



Cás-Staidéar

Ag Tacú le Seirbhísí Airgeadais in Éirinn


Is comhoibriú é Braisle Ríomhaireachta na Matamaitice Airgeadais (FMC²) idir Lucht Tionscail, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus OÉ Má Nuad.

Tá saineolaithe as réimse na matamaitice airgeadais, na heacnamaíochta airgeadais agus na heolaíochta ríomhaireachta ag obair le chéile mar chuid de FMC² agus é mar aidhm acu clár taighde ildisciplíneach a fhorbairt i mbainistíocht sócmhainní agus riosca, réimsí a mbaineann fóorthábhacht leo i ndáil leis an bhforbairt a dhéanfar ar earnáil na seirbhísí airgeadais in Éirinn amach anseo.

Na príomhthairbhí acadúla atá páirteach in FMC² ná an tOllamh Anthony Brabazon, an tOllamh Gregory Connor, an tOllamh John Cotter, an Dr. David Edelman, an tOllamh Paolo Guasoni agus an Dr. Michael O’Neill.

Tá roinnt mhaith comhpháirtithe seachtracha ag tacú le FMC² lena n-áirítear Pioneer Investments, Ryan Capital agus Institiúid na mBaincéirí in Éirinn.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Robert Richardson, POF, Pioneer Investment Management Limited, Ireland, “Tá baint lárnach ag taighde le gnó Pioneer Investments le 80 bliain anuas. Tá an-áthas orainn an deis a bheith againn ár saineolas idirnáisiúnta ar an tionscal a chur ar fáil don chomhoibriú straitéiseach seo. Táimid dóchasach go mbeidh ar ár gcumas tríd an tionscadal seo cur lenár gcumas taighde cainníochtúil inmheánach a dhéanamh agus cur le forbairt dhisciplín an taighde chainníochtúil in Éirinn.”



NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad



The Institute of Bankers in Ireland



Baill an Bhoird*

1 An tOLL. Patrick Fottrell
Cathaoirleach, SFI



2 An tOLL. Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir, SFI



3 An Dr. Jim Mountjoy
Leaschathaoirleach, SFI



4 An tUas. Sean Aherne
Leasuachtarán Oibríochtaí, Boston Scientific Limited, Tulach Mhór



5 An tUas. Tom Boland
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tÚdarás um Ard-Oideachas



6 An Dr. Rita R. Colwell
Cathaoirleach,
Canon US Life Sciences, Crp.
Ollamh Oirice, 4 5 6
Páirc an Choláiste um Ollscoil Maryland
agus Ollscoil Johns Hopkins
Scoil Sláinte Phoiblí Bloomberg



7 Bernie Cullinan Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Clarigen



8 An tUas. Peter MacDonagh
Comhairleoir Taighde



9 An Dr. Martina Newell-McGloughlin
Stiúrthóir, Ollscoil California
Clár Taighde agus Oideachais um
Biteicneolaíocht Córas Leathan
Comh-Stiúrthóir, Clár Oilúna NIH i
dTeicneolaíocht Bhithmhóilíneach



10 An tUas. Martin Shanagher
Rúnaí Cúnta,
An Rannóg Eolaíochta, Teicneolaíochta
agus Maoine Intleachtúil, An Roinn
Fiontar, 10 11 12
Trádála agus Nuálaíochta**



11 An Dr. Don Thornhill
Cathaoirleach, Comhairle Náisiúnta
Iomaíochais na hÉireann



12 An tUas. John Travers
Comhairleoir Gnó & Eacnamaíoch



* Féach leathanach 38 agus 39 le haghaidh nótaí ar Bhaltraíocht an Bhoird.

**Rinneadh athstruchtúrú ar an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta (RFTF) go luath sa bhliain 2010 agus athainmníodh í mar an Roinn Fiontar, Trádála & Nuálaíochta (RFTN).



Ráiteas an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) don bhliain 2009 a chur i láthair.

Rinneadh an-obair i rith na bliana, obair a chuir leis an méid atá curtha i gcrích ag SFI go dtí seo agus obair a chabhraigh linn níos mó béime a leagan ar thaighde eolaíoch mar an tslí is fearr chun téarnamh geilleagrach a chinntiú.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach na ndaoine seo a leanas do chur chun cinn an taighde in Éirinn - an Taoiseach, Brian Cowen T.D., an Tánaiste agus Aire Oideachais & Scileanna (an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tráth), Mary Coughlan T.D., an tUasal Batt O'Keefe, T.D., an tAire Fiontar, Trádála & Nuálaíochta agus an tUasal Conor Lenihan T.D., an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.

Leagadh béim an athuir ar bheartas straitéiseach nuair a d'fhoilsigh SFI 'Cumhachtú an Gheilleagair Ghlic 2009-2013. Tá ceithre phríomhchuspóir luaite i straitéis nua SFI, eadhon caipiteal daonna a fhorbairt, aschur eolaíochta ar ardchaighdeán a chinntiú, cáil dhomhanda na hÉireann a fheabhsú mar ionad eiseamláireach le haghaidh taighde eolaíoch agus aistriú eolais. Le linn na straitéise a chur i bhfeidhm leanfaidh SFI ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit eile cosúil le IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, an Bord Taighde Sláinte, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Institiúidí Ardoideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

In 2009 fógraíodh go raibh Lárionad Nua um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (CSET) le bunú, ionad a bheadh dírithe ar bhitheolaíocht córas. Is é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá i mbun ionad taighde Bhitheolaíocht Córas na hÉireann le tacaíocht ó thaighdeoirí in OÉ Gaillimh. Beidh an CSET nua ag obair i gcomhar le comhpháirtithe tionscail ag Ark Therapeutics, Hewlett Packard, Servier, Agilent Technologies, Siemens Ireland agus Protagen AG.

Bunaíodh seacht mBraisle Taighde Straitéiseacha nua SFI in 2009, a raibh baint acu le gníomhaíochtaí úrnua, comhoibritheacha taighde a raibh institiúidí acadúla agus 32 cuideachta as earnálacha tábhachtacha cosúil le matamaitic airgeadais, ailse agus teileachumarsáid páirteach iontu. Tá SFI ag tacú anois le 19 Braisle Taighde Straitéiseach agus 10 CSET atá ag comhoibriú le 179 cuideachta. In 2009 rinne SFI iarracht cur lena rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí thaispeántais SFI a eagrú agus léargas a thabhairt ar inniúlacht agus ar scileanna na hÉireann ag roinnt imeachtaí tábhachtacha. Ag tús na bliana, d'eagraigh SFI seimineár sa tSeapáin i gcomhar le IDA Ireland, seimineár ar fhreastail príomhchinnteoirí ó chuideachtaí ardteicneolaíochta agus eolaíochta beatha ón tSeapáin air. Ina phríomhóráid, d'fhógair an Taoiseach, Brian Cowen T.D., trí thionscnamh tábhachtach Sheapánach T&F d'Éire.

D'fhógair an tUasal Conor Lenihan T.D., an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta maoiniú taighde ar fiú €20.7 milliún é le haghaidh 22 tionscadal taighde ar ardchaighdeán faoi scáth Chlár Príomhthaighdeora Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. I láthair ag fógairt an mhaoinithe bhí an tUas. Conor Lenihan, T.D., an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta agus an tOll. Seamus Martin, TCD.



Ar bhonn idirnáisiúnta freisin, d'eagraigh SFI seimineár speisialta. Cumhachtú an Gheilleagair Ghlic' in Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts - atá cleamnaithe le hInstitiúid Whitehead um Thaighde Bithleighis, seimineár ar fhreastail an tUachtarán Mhic Giolla Íosa air. Le linn di a bheith ag labhairt ag an Seimineár, bhí an méid seo a leanas le rá ag an Uachtarán Mhic Giolla Íosa, "Tríd an obair atá déanta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann tá ról lárnach bainte amach ag an tír seo sa nuálaíocht agus sa taighde eolaíochta. Is iontach an acmhainn nádúrtha é clisteacht, cruthaitheacht agus inoiriúnaitheacht mhuintir na hÉireann."


Níos cóngaraí do bhaile, i mí na Samhna 2009, d'fhreastail breis agus 350 dár bpríomhthaighdeoirí ar Chruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI, 'Smaointe, Nuálaíocht agus Tionchar'. Chomh maith leis sin, bhronn SFI an chéad duais 'Taighdeoir na Bliana'. Is ar an Ollamh Luke O'Neill ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bronnadh an duais mar aitheantas ar an obair cheannródaíoch atá déanta aige i réimse na himdhíoneolaíochta agus ar ghalair athlastacha.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do Bhord agus d'Fhoireann SFI as an tréaniarracht agus as an sáróbair atá déanta acu i rith 2009. Ba mhian liom, ach go háirithe, buíochas a ghabháil leis an Ollamh Frank Gannon agus tréaslú leis as an gceannaireacht samhlaíoch agus choinsiasach atá léirithe aige mar Ard-Stiúrthóir ar SFI.

Is cinnte go gcruthaíonn staid gheilleagrach na hÉireann dúshlán suntasach do SFI agus don chlár taighde. In ainneoin bliain thar a bheith bisíúil a bheith ag SFI, baineann dúshlán faoi leith lena chinntiú go gcothaítear an bonn taighde a cruthaíodh le deich mbliana anuas agus go leor deacrachtaí maoinithe ag teacht chun solais. Is léir go bhfuil SFI dírithe ar an infheistíocht seo a chosaint agus a fhorbairt mar mhodh le cur le téarnamh geilleagrach agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chinntiú.

Nuair a bhunaigh an Rialtas Tascfhórsa Nuálaíochta in 2009, tugadh tús áite do bheartas chun téarnamh geilleagrach agus ról na hÉireann mar Mhol Idirnáisiúnta um Fhorbairt Nuálaíochta a chinntiú. Tá ról lárnach ag SFI i gcinntiú go gcuirtear idéil an Tascfhórsa Nuálaíochta seo i gcrích sna blianta amach romhainn. Is freagracht í seo a bhfuilimid ag tnúth leis, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile.

An tOllamh Patrick Fottrell
Cathaoirleach



Íomhá SFI Buaiteoir Comórtais 2009

An tOllamh Kevin Sullivan, Ollamh le Bitheolaíocht na gCeall, agus an Dr. Lisa Prendergast, Comhalta Iardhochtúireachta, buaiteoirí Chomórtais Íomhá Taighde SFI lena n-íomhá - 'Cilldeighilt faoi bhrú'. Thug an comórtas nua seo deis do thaighdeoirí atá ag fáil maoinithe ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann íomhanna digiteacha a cruthaíodh le linn a gcuid taighde a thaispeáint. Is éard atá san íomhá bhuaiteach seo cill atá i mbun deighilte agus ina bhfuil an fhearsaid curtha ó mhaith trí phróitéin shingil a bhaint ón gcrómasóm. Tógadh an íomhá le linn taighde a bhí dírithe ar a fháil amach céard a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le teip cill ailsle le linn cilldeighilte, teip a mbeadh bás na cille seachas iolrú na cille mar thoradh air.



Ráiteas an Ard-Stiúrthóra

“Someone’s sitting in the shade today because someone planted a tree a long time ago”
W Buffet

In ainneoin go bhfuilimid i lár an chúlaithe gheilleagraigh dhomhanda is measa le blianta fada anuas, lean SFI lena cuid oibre i dtimpeallacht athraithe in 2009. D’fhonn cloí le hathfhriotal Warren Buffet, áfach, mhéadaigh táirgiúlacht SFI in 2009 agus tugadh feabhas suntasach faoi deara in aschur díreach agus indíreach na Fondúireachta. In ainneoin deacrachtaí maoinithe, lean SFI lena bonn caipiteal daonna a chothú agus a fhorbairt. Níos tábhachtaí ná sin, ba í SFI a bhí mar bhonn le méadú 26% ar fhoilseacháin eolaíochta, rud a chur le ballraíocht nua na hÉireann sa 20 náisiún is fearr maidir le caighdeán an aschuir eolaíochta. Ó tharla go raibh caighdeán agus tionchar aschur eolaíochta na hÉireann faoi bhun a raibh á tháirgeadh sa Bhanglaidéis scór bliain ó shin mar shampla, is ábhar iontais é go bhfuil ar chumas na hÉireann anois dul in iomaíocht le geilleagair OECD i dtéarmaí chaighdeán taighde eolaíoch agus theicneolaíoch. Ach ní féidir ligean le deis ar bith dul le sruth. Cé gur éacht ann féin é áit a bhaint amach i measc an 20 Náisiún is fearr in achar gearr ama, baineann níos mó dúshlán ná riamh anois lenár n-áit a choimeád ar an liosta ó tharla níos mó agus níos mó tíortha a bheith ag déanamh iarrachtaí déileáil leis an gcúlú geilleagrach tríd an méid infheistíochta atá in T&F a mhéadú. Baineann

fíorthábhacht leis na liostaí sin chun infheistíocht ardteicneolaíochta ilnáisiúnta agus caipiteal fiontair a mhealladh agus is léargas maith iad freisin ar dhintúir eolaíochta agus theicneolaíochta na hÉireann.

Tá fianaise shoiléir ann anois go bhfuil an dul chun cinn seo ag cabhrú le gníomhaireachtaí a gcláir oibre a fhorbairt. Cúig bliana ó shin, bhí níos lú ná an deichiú cuid d’infheistíochtaí IDA Ireland dírithe ar thaighde, ar fhorbairt agus ar nuálaíocht (TF&N). In 2009 mhéadaigh sé seo go beagnach 50%, agus b’fhiú infheistíochtaí agus sa bhreis ar €500 milliún. Tá méadú 38% tagtha ar an leibhéal gnólachtaí dúchasacha atá ag tabhairt faoi T&F le blianta beaga anuas. Le deich mbliana anuas tá forbairt shuntasach tagtha ar fhostaíocht, ar easpórtáil agus ar bhreisluach i ngnólachtaí móra T&F agus tá laghdú tagtha ar a leithéid i ngnólachtaí nach bhfuil feidhmeanna T&F iontu. I rith an chúlaithe gheilleagraigh is measa le blianta fada tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil ag éirí níos fearr le gnólachtaí a bhfuil feidhm T&F iontu agus go bhfuil ar a gcumas déileáil níos éifeachtaí le coinníollacha dúshlánacha gnó.

Tá pobal SFI de os cionn 3,000 taighdeoir anois ag comhoibriú le 350 corparáid ilnáisiúnta (MNC) agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM). Tá ag éirí

An tUachtarán Mhic Giolla Íosa ag freastal ar sheimineár SFI, “Cumhacht an Gheilleagair Ghlic”, i mBostún, (ar cúl, c-d) Shaun Mahony, James Merrick, Conor Lenahan, Mark Sweeney, Rory Clune, Padraig Cantillon-Murphy, Ryan O’Hara, Maurice Fallon, David Quinn, agus (chun tosaigh, c-d) Rory Monaghan, an tOll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, SFI, Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, an Dr. Martin McAleese, Conor Walsh agus Nevan Hanumara. Reáchtáladh an seimineár seo ag Institiúid Whitehead um Thaighde Bithleighis, Bostún (cleamhnaithe le MIT, Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts).



“Dhaingnigh ár gcuid taighdeoirí os cionn €50 milliún i maoiniú ó fhoinsí idirnáisiúnta, ag léiriú iomaíochas idirnáisiúnta ár gcumas taighde”

leo sruth leanúnach nochtadh fionnachtana, iarratas paitinnithe, ceadúnas agus aschur réamhthráchtála eile a tháirgeadh agus de réir a chéile tá ag éirí leo aird agus gníomhaíocht thráchtála a mhealladh ina dtreo.

Glactar leis in SFI gur gné lárnach de chóras nuálaíochta feidhmeach í taighde ar ardchaighdeán. Cé gur minic gur deacair aschur taighde den chineál sin a thuar agus nach éasca go minic ach oiread nasc díreach a chruthú idir tionscadal taighde agus táirge nó seirbhís faoi leith, cabhraíonn méadú ar chaipiteal daonna na hÉireann le héiceachóras a chruthú inar féidir nuálaíocht a chur chun cinn agus buntáistí suntasacha geilleagracha agus sóisialta a chinntiú.

Tá forbairt ag teacht ar ár n-inchreidteacht eolaíochta ar bhonn idirnáisiúnta bunaithe ar an infheistíocht atá déanta le deich mbliana anuas, rud atá ag cabhrú le híomhá idirnáisiúnta na hÉireann a athchóiriú. In 2009 bhunaigh ár dtaighdeoirí beagnach 2,000 comhoibriú taighde, agus as sin bhain 76% díobh le comhpháirtithe lasmuigh d’Éirinn, as 56 tír difriúil. D’éirigh lenár dtaighdeoirí os cionn 50 milliún a fháil i maoiniú ó fhoinsí idirnáisiúnta, léargas ann féin ar iomaíochas ár gcumas taighde. Cúis bróid is ea an dul chun cinn atá déanta againn i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta le blianta beaga anuas, ó tharla gur éirigh linn é seo ar fad a chur i gcrích agus gan ach leibhéal réasúnta íseal d’infheistíocht phoiblí a bheith ar fáil againn, de réir caighdeán idirnáisiúnta ar aon chaoi. Cothrom le beagnach 1.5% de OTI, tá infheistíocht an stáit i T&F ag teacht ar an meán le caighdeán dhomhanda ach tá sé faoi bhun na hinfheistíochta atá ar bun i ngeilleagair OECD. Má bhreathnaítear ar rudaí go dóchasach, áfach, tá ag éirí go maith le hÉire le blianta beaga anuas agus ciallóidh tiomantas d’infheistíocht náisiúnta ar bhonn leanúnach go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht agus ar iomaíochas tionsclaíoch na hÉireann. Is léir gurb é seo an dearcadh a ghlac lucht déanta beartais sinsearach agus cleachtóirí gnó ó tharla go luaitear an méid seo a leanas sa chéad mholadh a rinne Tascfhórsa Nuálaíochta an Taoisigh “*A chinntiú go gcomhlíontar an creat infheistíochta atá leagtha amach i Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-13 mar aon leis an gcuspóir atá sonraithe i gClár athnuaithe an Rialtais - is é sin 3% de OTI a infheistiú*

Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI 2009 ag fógairt gurb é an tOll. Luke O’Neill Taighdeoir SFI na Bliana, Coláiste na Tríonóide (sa lár) leis an Uasal Conor Lenihan, T.D., an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta agus an tOll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, SFI.



in T&F trí ghealltanais a thabhairt infheistiú i Straitéis Nua Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta don tréimhse idir 2014-2020.”

I ndiaidh deich mbliana a chaitheamh ag cur le hinfheistíocht T&F, infheistíocht atá ag cruthú buntáistí suntasacha d’Éirinn, is maith an rud é go bhfuil léiriú maith intinne mar bhonn leis an tiomantas do thaighde maoinithe.

Tá SFI réamhghníomhach maidir le caidrimh a fhorbairt agus an comhoibriú a fheabhsú trasna na rann rialtais agus gníomhaireachtaí stáit chun comhordú ar fud an éiceachórais a chinntiú. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí agus leis na ranna rialtais ar fad as ucht na tacaíochta agus an chomhoibrithe atá léirithe acu le bliain anuas, go háirithe IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Forfás, An Bord Taighde Sláinte agus an tÚdaras um Ard-Oideachas agus iarrachtaí leanúnacha ar bun againn ar fad téarnamh geilleagrach a chinntiú.

**An tOllamh Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir**

Cás-Staidéar

Acmhainní Foraoise a Bharrfheabhsú

Bunaíodh Ionad Chorcaí um Ríomh Iallach (4C) i gColáiste na hOllscoile Corcaigh le maoiniú a sholáthair Fondúireacht Eolaíochta Éireann do Stiúrtóir an Ionaid, an tOllamh Eugene C. Freuder.

Is saotharlann taighde dírithe ar eolaíocht ríomhaireachta é 4C i gColáiste na hOllscoile Corcaigh - taighde a bhfuil sé mar aidhm leis cur ar chumas ríomhairí cabhrú le daoine cinntí níos fearr a dhéanamh. Áiríonn 4C úsáid a bhaint as eolaíocht den chéad scoth mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach an tionscail agus an rialtais. Bunaíodh 4C nuair a bhog an tOllamh Freuder a shaotharlann taighde ó na Stáit Aontaithe le dul i mbun oibre le Grúpa Próiseála Iallach Choláiste na hOllscoile Corcaigh.

Is gnólacht nuathionscanta áitiúil ó Chorcaigh é TreeMetrics, gnólacht a úsáideann teicneolaíocht léasair chun crainn san fhoraois a thomhas. Trí Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann chabhraigh 4C le TreeMetrics eolas a bhaint as na sonraí a bhí bailithe, eolas a chinntíonn gur féidir úsáid níos fearr a bhaint as ár n-acmhainní foraoise, ní hamháin in Éirinn ach ar fud na cruinne. Tá gnó déanta ag TreeMetrics i 14 tír éagsúil anois, iad i mbun theicneolaíocht na hÉireann a easpórtáil. Tá trí fhíosa IP ceadúnaithe bunaithe ar an tionscadal seo mar aon le hiarratas ar phaitinn. Tá TreeMetrics ag leanúint ag obair le 4C chun réitigh nuálaíochta a fhorbairt do bhainistíocht foraoise.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag POF TreeMetrics faoi 4C in Technology Ireland:

"Is trí thimpiste a fuairamar amach go raibh saotharlann barrfheabhsaithe den chéad scoth ag feidhmiú inár gcathair féin agus rinneamar teagmháil leo láithreach bonn. Is é an rud is tábhachtaí faoin tsaotharlann seo go gcruthaítear an teicneolaíocht a theastaíonn uainn inti – rud a thugann buntáiste faoi leith dúinn. Sholáthair an tsaotharlann gach a bhí uainn ar bhealach chomh héifeachtaí agus ab fhéidir. Thugamar deis do lucht na saotharlainne bualadh lenár gcustaiméirí. Bhí sé sin ar cheann de na rudaí ab fhearr a rinneamar."

Bhí an comhoibriú seo mar bhonn freisin le tuilleadh rannpháirtíochta 4C san earnáil foraoiseachta. Tá 4C díreach i ndiaidh tosú ag obair le 13 comhpháirtí eile ar fud na hEorpa i dtionscadal an AE FP7, FlexWood, d'fhonn cabhrú linn úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní adhmaid. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal na bealaí is fearr chun foraois a ghearradh agus na táirgí a dháileadh go héifeachtach a oibriú amach, ag díriú go háirithe ar bhealaí chun dramhaíl a laghdú, rud a chosnaíonn thart ar €700 milliún ar fud na hEorpa gach bliain. Tá ról lárnach sa taighde seo ag an teicneolaíocht atá cruthaithe ag TreeMetrics chun crainn atá ina seasamh a scanadh ar mhaithe le léargas a fháil ar a gcruth.

Bhuaigh 4C agus TreeMetrics Duais Ceannairí Tionscadail it@cork T&F agus ba é TreeMetrics a bhí mar bhuaiteoir foriomlán de chuid IBM SmartCamp Ireland 2009.

www.4c.ucc.ie



UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

Éachtaí

► I rith na bliana 2009 lean SFI ar aghaidh ag forbairt ar rathúlacht na mblianta roimhe sin.

Tá infheistíocht suntasach déanta ag an Rialtas i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta le 10 mbliana anuas. Tá inbhuanaitheacht agus intuarthacht ríthábhachtach má tá Éire chun muinín an phobail eolaíochta agus tionsclaíoch idirnáisiúnta a choimeád agus chun leanúint ar aghaidh ag déanamh forbartha ar a clú. Cruthaíonn an timpeallacht eacnamaíoch reatha dúshlán agus deacrachtaí do gach tír. I gcás na hÉireann, mar gheilleagar beag oscailte, tá na dúshlán seo suntasach. Ba iad na daoine a bhí mar phríomh-acmhainn ag Éire i gcónaí. Caithfidh nuálaíocht a bheith i gcoilár forbairt gheilleagrach na hÉireann agus is daoine le smaointe ag gach leibhéal (fiontraíoch, acadúil, rialtas, s.r.l.) a thiomáineann nuálaíocht – daoine ardoilte, ilchumasacha le mórán scileanna. Caithfidh Éire a chinntiú go bhfuil infheistíocht á dhéanamh aici sna daoine atá ag teastáil chun geilleagar eolasbhunaithe, nua-aimseartha a thógáil agus a choinneáil. Tá na daoine seo riachtanach chun infheistíocht dhíreach eachtrach a tharraingt/a choinneáil agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM) dúchasacha a fhás.


► Tá daoine mar Acmhainn na hÉireann – Ag Forbairt ár gCaipiteal Daonna.

Tá bunús taighde acadúil atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, i dteannta le soláthar ardchaighdeán taighdeoirí oilte, go háirithe céimithe PhD, i gcoilár aistriú na hÉireann go sochaí Stuama. Tá daoine ardoilte ríthábhachtach i dtiomáint na hÉireann i dtreo fás agus forbairt geilleagrach inbhuanaithe. Ina theannta sin, tá infheistíocht dhíreach eachtrach agus cruthú post a leanann as in Éirinn ag brath níos mó ar cháilíocht ár lucht saothair. Tacaíonn fógraí de chuid IDA Ireland in 2008/2009 leis seo mar léiriú siad aistriú soiléir i nádúr na hinfeistíochta díri eachtraí i dtreo gníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TFN) ag tacú le Déantúsaíocht, Seirbhísí Gnó Domhanda agus ag leathnú infheistíochtaí de chuid ilnáisiúntach atá ann cheana i ngníomhaíochtaí breisluacha níos airde.

Sa bhliain 2009, thacaigh SFI go díreach le 3,225 post bainteach le taighde san earnáil Ardoideachais. Ina theannta sin, ghnóthaigh sealbhóirí dámhachtana SFI maoiniú gearála ó fhoinsí eile chun tacaíocht a thabhairt do 3,225 taighdeoir breise san earnáil, le líon iomlán na ndaoine ag glacadh páirt i dtaighde gníomhach ag sroicheadh 6,450 ball foirne aonair.

Ón 600 sealbhóir dámhachtana SFI, is Éireannaigh iad 60% acu, is ó thíortha eile an AE iad 30% acu (ón Ríocht Aontaithe den chuid is mó, agus ansin an Ghearmáin) agus is ó lasmuigh den AE iad 10% acu (is ó na Stáit Aontaithe 4% acu seo).

Náisiúntacht Shealbhóirí Dámhachtana SFI



Tá ról ríthábhachtach ag grúpaí taighde SFI ag soláthar taighdeoirí ardoilte d'fhiontraíocht. In 2009, i measc foirne faoi thacaíocht SFI áiríodh 846 Taighdeoirí lardhochtúireachta (suas ó 688 in 2008) agus 1,344 Mac Léinn PhD (suas ó 1,156 in 2008). Braiteann trasdul na hÉireann i dtreo Geilleagar Stuama ar oiliúint an lucht saothair agus ar líon na gcéimithe eolaíochta agus innealtóireachta ardoilte a mhéadú.

Cás-Staidéar

Taighde Inchinne
Nua-naíoch, Coláiste na
hOllscoile, Corcaigh

Ag cabhrú le daoine anbhanna

Nuair a sholaítear leanaí tosaíonn siad ag caoineadh, ach seachas sin tá sé an-deacair a rá má tá siad i nguais. D'fhéadfadh taom inchinne a bheith ag naíonán agus ní bheadh a fhios ag éinne go bhfuil rud éigin tromchúiseach mícheart.

Déanann Taighdeoirí SFI, an Dr Geraldine Boylan agus an Dr Liam Marnane taighde sa Ghrúpa Taighde Inchinne Nua-naíoch i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá uirlis nuálaíoch bunaithe ag an ngrúpa chun taomanna a bhrath i naíonáin nuabheirthe. D'fhéadfadh taomanna, nach féidir a bhrath ó amharc, tarlú i thart ar 1-3 naíonán nuabheirthe in aghaidh na 1,000 agus tá measúnú agus cóireáil láithreach ag teastáil chun gortú inchinne fadtéarmach a chosc. Tá leanaí réamhaibí, agus iad sin a ndéantar athbheochan orthu, i mbaol go háirithe, agus tá sé mar sprioc ag an Dr Boylan tús a chur le clár de mhonatóireacht chúramach chun guais inchinne a bhrath chomh luath agus is féidir. I láthair na huaire táthar ag déileáil le gortú ciúin, ní fios fós cé mhéad neamhord sa duine fásta a d'fhéadfaí a rianú siar go taomanna luatha, dobhreathnaithe.

Is í ceann de na fadhbanna ná go bhfuil formhór na dtorthaí taighde atá ar fáil faoi láthair bunaithe ar chásanna inar braitheadh taomanna leis an tsúil. Creideann an Dr Boylan gur dóchúil nach bhfuil anseo ach cuid bheag de mhórfhadhb. "D'fhéadfadh an figiúr ceart a bheith i bhfad níos airde ach gan monatóireacht chúramach níl eolas againn ar fhíormhéid na faidhbe," a dúirt an Dr Boylan. "Tá ár ngrúpa i gCorcaigh ag déanamh na hoibre is déine ar domhan agus tá an clár taighde fós ag forbairt," a dúirt an Dr Marnane.

Tá sé i gceist ag grúpa Chorcaí dian-chlár monatóireachta a sheoladh do leanaí nuabheirthe ag baint úsáide as trealamh EEG (Leictreinceifealagraf). Cé nach mbaineann costas an-mhór leis an tástáil áfach, níl taithí ag mórán daoine ag léirléamh na dtorthaí. "Tá sé deacair go leor, a dúirt an Dr Boylan, nuair atá duine fásta i gceist, ach le naíonán tá an inchinn ag forbairt go tapa, mar sin athraíonn pátrúin go gasta. Tá an pátrúin i naíonán ag 24 seachtain," a dúirt sí, "an-difriúil ó naíonán 28 seachtaine."

Baineann an príomhuirlis braite, a úsáideann an Grúpa Taighde Inchinne Nua-naíoch, úsáid as feiste a thomhaiseann gníomhaíocht leictreach na hinchinne. Tá teicneolaíocht nuálaíoch forbartha ag an ngrúpa ag baint úsáide as teicnící meaisínfhoghlama chun taomanna a bhrath go huathoibríoch ón ngníomhaíocht leictreach seo. Tá deontais bhreis faighte ó ghníomhaireachtaí maoinithe eile lena n-áirítear Wellcome Trust, Fiontraíocht Éireann agus an tAontas Eorpach, de bharr na maoine intleachtúla paitinnithe a forbraíodh. Ina theannta sin, tá an fhoireann taighde ag comhoibriú le CareFusion, cuideachta teicneolaíochta mhíochaine atá ina fochuideachta ar lánúinéireacht ag Cardinal Health, chun a cuid teicneolaíochta nua a thabhairt isteach sa mhargadh.

Gréasán: www.ucc.ie/en/neonatalbrain/



Sa phictiúr, ag foilsíú na Straitéise Fuinnimh SFI, tá an tUas. Conor Lenihan, T.D., Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, An tOll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, SFI, Mary Coughlan Uasal, T.D., Tánaiste & Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tUas. Eamon Ryan, T.D., Aire Cumarsáide & Acmhainní Nádúrtha.



Éire ina láthair do Thaighde Thar Barr – Ardchaighdeán Aschuir.


Is táscairí ríthábhachtacha iad foilseacháin agus luanna d'éachtaí agus de bharr feabhas i dtaighde acadúil agus is táirgí insoláthartha lárnacha iad de chuid SFI. Cuirtear feabhas suntasach ar chló idirnáisiúnta na hÉireann mar láthair eolaíochta thar barr trí shocrúchán níos airde i rangú bibliméadrachta idirnáisiúnta, ag cruthú toisce tarraingthe d'infheistíocht ardteicneolaíochta (caipiteal fiontar agus ilnáisiúntaigh ag cuardach láithreacha ardcháilíochta).

Tiomáinte ag infheistíocht Rialtais mhéadaithe, tá Éire tar éis bogadh in airde sa rangú idirnáisiúnta i dtéarmaí na cáilíochta agus na cainníochta dá cuid foilseacháin eolaíochta.

I lár na 1980aidí, bhí tionchar taighde na hÉireann níos ísle ná mar a bhí ag an mBanglaidéis. I ndiaidh athruithe ar bheartas Rialtais ó dheireadh na 1990aidí ar aghaidh, tá tionchar taighde na hÉireann tar éis ardú go suntasach, ag bogadh ó bhun an tábla go dtí go bhfuil sé cothrom le nó níos airde ná meáin an Domhain, an AE-27 agus an OECD.

Tá curtha ag taighdeoirí atá maoinithe ag SFI leis an méadú seo ar líon na bhfoilseachán eolaíochta. Go sonrach, tháirg taighdeoirí maoinithe ag SFI 4,057 foilseachán eolaíochta sa bhliain 2009. Is ionann é seo agus méadú 26% ar aschur foilseacháin ag taighdeoirí SFI ón mbliain 2008.

Foilseacháin Eolaíochta – Treochtaí Tionchair 5 Bliana*



*Foinse: Thomson Reuters InCites.

Cás-Staidéar

Eolaíocht á cur i bhfeidhm i dtionscal na gcapall folaíochta



Déan machnamh air seo: Thit curiarracht domhanda 1,500 méadar na bhFear faoi 31 soicind sna 86 bliana ó 1913 go 1999 nuair a ghnóthaigh Hicham El Guerrouj ó Maracó an churiarracht domhanda reatha ag 3 nóiméad 43:13.

Is ionann é sin agus dul chun cinn de thart ar shoicind amháin in aghaidh na trí bliana. Buadh an Dearbaí Sasanach, rás capaill a rítear thar 2,414 méadar, sa bhliain 1908 in 2 nóiméad 39:80, fad is a bhuaigh New Approach in 2008 é, in 2 nóiméad 36:50. Is ionann é sin agus dul chun cinn nach bhfuil a oiread chomh mórthaibhseach de shoicind amháin in aghaidh na 33 bliana.

Cén fáth a bhfuil curiarrachtaí domhanda daonna ag titim go gasta i gcomparáid le hamanna rásaíochta capall? Tá an Dr Emmeline Hill, eolaí eachaí atá bunaithe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, á athrú sin anois. Tá sí ag cabhrú chun Éire a choimeád ar thús cadhnaíochta an tionscail póraithe capall folaíochta trí eolaíocht a chur i bhfeidhm ar fheidhmíocht chapall. Teastaíonn uaithi a thuiscint, ag an leibhéal géiniteach, cén fáth go bhforbraíonn roinnt chapall ina gcuraidh, agus nach ndéanann capaill eile. D'fhéadfadh eolas dá leithéid a bheith an-luachmhar nuair a mheabhraítear gurbh é an praghas curiarrachta domhanda a íocadh as searrach folaíochta bliana ná \$16 milliún (€11.7 milliún).

Bronnadh Dámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann SFI ar an Dr Hill

sa bhliain 2004. Bhí trí sprioc taighde ag an Dr Hill ina tionscadal maoinithe ag SFI, dar teideal:

“Géanómaíocht na feidhmíochta i gcapaill folaíochta” [The genomics of performance in thoroughbred horses]. Is mian léi tuiscint níos fearr a fháil ar na difríochtaí ag leibhéal na géine aonair – géinte atá tábhachtach le haghaidh aclaíochta – idir chapail folaíochta rathúla agus capaill mírathúla. Ansin, is mian léi na géinte atá roghnaithe do, agus forleata ó ghlúin go glúin sa chlár 400 bliana nó níos mó i gcapaill folaíochta, a aithint. Ar deireadh, is mian léi feidhm na ngéinte atá roghnaithe a thuiscint.

Forbraíodh tástáil Géine Luais de chuid Equinome [Equinome Speed Gene test] mar thoradh ar thaighde an Dr Hill. De dheasca ratha an chláir taighde, rinne an Dr. Hill agus an tUas. Jim Bolger, an traenálaí agus tógálaí capaill ráis Éireannach clúiteach, comh-bhunú ar Equinome sa bhliain 2009 chun an tástáil a thráchtáil. Is cuideachta biteicneolaíochta nua í Equinome a bhfuil tástáil ghéiniteach cheannródaíoch seolta aici atá in ann an fad rásaíochta barrmhaith do chapail folaíochta aonair a aithint. Is ionann aitheantas ‘An Ghéin Luais’ agus an chéad uair a ndearnadh tréithriú gurb eol dúinn ar ghéin a chuireann le saintréith lúthchleasach i gcapaill folaíochta agus tá sé de chumas aige na próisis chinnteoireachta sa tionscal stoc folaíochta domhanda a bhunathrú.

Is gnó ilbhiliún euro, idirnáisiúnta é an tionscal rásaíochta agus póraithe capall folaíochta, agus beirtear níos mó ná 100,000


searrach gach bliain.

Ag baint úsáide as an tástáil Géine Luais de chuid Equinome, beidh úinéirí agus traenálaíthe capaill ráis ar fud an domhain in ann a aithint má tá capall oiriúnach le haghaidh rásaíochta thar achair ghearra, mheánacha nó achair mheánacha-go-fada. Leis an eolas seo, féadfaidh siad a gcinntí ceannaigh agus traenála a bharrfheabhsú agus díriú níos fearr ar rásaí oiriúnacha dá gcuid capall. Beidh tógálaíthe, bainisteoirí staille agus gníomhairí folaíochta in ann an tástáil a úsáid freisin chun cinntí roghnaithe agus póraithe níos cruinne a dhéanamh chun cumas géiniteach agus luach tráchtála a gcuid capall a uasmhéadú.

www.equinome.com




Aschur Foilseacháin: Cainníocht*



Ní amháin go bhfuil líon na bhfoilseachán (aschur ag taighdeoirí) méadaithe ag Éire ach tá cáilíocht an taighde tar éis feabhsú chomh maith. Tá tacaíocht tugtha ag díriú an SFI ar thaighde thar barr don tiomáint seo. De réir Táscairí Eolaíochta Riachtanacha de chuid Thompson Reuters, tá rangú ar luanna idirnáisiúnta na hÉireann aistrithe ó 36ú go 19ú. Bhris Éire isteach i Rogha 20 na dtíortha don chéad uair sa bhliain 2008. Tá tionchar na hÉireann rangaithe níos airde fós i réimsí sonracha, ag léiriú neart ar leith na hinfheistíochta i ndisciplíní sonracha. Mar shampla, tá Éire rangaithe sa tríú háit in imdhíoneolaíocht.

Aschur Foilseacháin sa bhliain 2009 ag Taighdeoirí SFI



Aschur Foilseacháin: Cáilíocht**

- 1 AN EILVÉIS
- 2 SAM
- 3 AN DANMHAIRG
- 4 AN ÍSILTÍR
- 5 ALBAIN
- 6 AN TSUALAINN
- 7 SASANA
- 8 AN FHIONLAINN
- 9 CEANADA
- 10 AN BHEILG
- 11 AN GHEARMÁIN
- 12 AN OSTAIR
- 13 IOSRAEL
- 14 AN IORUA
- 15 AN FHRAINIC
- 16 AN BHREATAIN BHEAG
- 17 AN ASTRÁIL
- 18 AN IODÁIL

19 ÉIRE

- 20 TUAISCEART ÉIREANN

2003 = 36th2008 = 19th

*Foinse: Cáipéis an Choimisiúin Eorpaigh - 2008/09.

**Foinse: Thomson Reuters InCites.

Cás-Staidéar

Córais Bhitheolaíochta Éireann - SBI - CSET Nua

Sa bhliain 2009, thacaigh SFI le bunú Córais Bhitheolaíochta Éireann (SBI), CSET nua de chuid SFI atá faoi stiúir Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus a fhaigheann tacaíocht ó thaighdeoirí in OÉ Gaillimh agus comhpháirtithe tionscail lena n-áirítear Ark Therapeutics, Hewlett Packard, Servier, Agilent Technologies, Siemens Ireland agus Protagen AG.

Beidh suas le 69 pearsanra ardoilte ag obair ar chlár taighde Chórais Bhitheolaíochta Éireann.

Is bealach nua cumhachtach é Córais Bhitheolaíochta chun neart na ríomhairí agus na matamaitice a úsáid chun bitheolaíocht a thuiscint.

Rinne Stiúirthóir an CSET nua de chuid SFI, an tOll. Walter Kolch, cur síos ar acmhainneacht an taighde, "Glacann córais bhitheolaíochta cur chuige iomlánaíocht i leith an orgánaigh. Féachann sé ar phróisis seachas ar

chomhábhar aonair na cille nó na géine.

Tá ár dtaighde uathúil toisc go n-oibrímid le gaschealla ach go mbeidh torthaí ár gcuid taighde mar chuid d'iarracht domhanda chun teiripí níos fearr a chur ar fáil d'othair ailse. Cabhróidh ár gcuid oibre chun dlús a chur leis an bpróiseas turgnaimh, mar sin ag laghdú faoi bhlianta an méid ama a thógann sé chun teiripe druga nua a fhorbairt."

Dúirt an Dr Laurent Perret, Uachtarán ar Choiste Eolaíochta an Ghrúpa Taighde Servier, Institut de Recherches Internationales Servier,

"Tá caidreamh fada agus táirgiúil ag Servier Laboratories le hÉire, le dhá mhonarcha déantúsaíochta agus cláir taighde iomadúla sa mhíochaine aistritheach. Soláthraíonn Córais Bhitheolaíochta Éireann (SBI) deis bhreise do Servier dul i mbun taighde ceannródaíoch in Éirinn agus deis dúinne oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhíochaine neamh-chomhlíonta ag baint úsáide as teicneolaíocht thar a bheith cumhachtach."

AstraZeneca



Agilent Technologies



SIEMENS

we move ideas

PROT@GEN



NUI Galway
OÉ Gaillimh

“Tacaíonn SFI le foirne den chéad scoth a chomhoibríonn le 389 cuideachta”

► Buntáistí Eacnamaíocha & Sochaíocha – Aistriú Feasachta.


Tá taighde ríthábhachtach i dtiomáint na hÉireann chun geilleagar “Stuama” a bhaint amach. Trí bhonn taighde na hÉireann a fhorbairt, tá SFI ag tacú le forbairt gheilleagrach, ag cumasú giniúna rachmais agus ag tiomáint dul chun cinn i réimsí cosúil le cúram sláinte, an comhshaol agus oideachas.

Tá buntáistí eacnamaíocha suntasacha á bhfabhrú ó thaighdeoirí SFI trí cheangail atá ag a chuid foirne taighde maoinithe le tionscal thar na cláir uile SFI. Is bonneagar cumasúcháin iad na grúpaí taighde seo le haghaidh fiontraíochta in Éirinn. Bhí méadú láidir ar líon na gcomhoibríthe taighde-tionscail sa bhliain 2009. Tacaíonn SFI le foirne den chéad scoth a chomhoibríonn le 389 eagraíocht, lena n-áirítear 184 Corparáid Ilnáisiúnta (MNC) agus 165 Fiontar Beag agus Meánmhéide (FBM). Tá na comhoibríthe/naisc seo fairsing agus ilchineálach agus áirítear iontu, taighde conartha, rochtain ar/soláthar ábhair/bunachair shonraí/trealaimh, urraíocht airgeadais ar mhic léinn, oiliúint, comhairliúcháin s.r.l.

Tá mórán de na cuideachtaí seo bainteach le comhoibríthe iolracha le grúpaí taighde éagsúla SFI. Is ionann líon iomlán na gcomhoibríthe taighde le fiontraíocht agus 546.

Go sonrach, nascann Lárionaid um Eolaíocht, Innealtóireacht & Theicneolaíocht (CSET) de chuid SFI agus Braislí Straitéiseacha Taighde (SRC) taighdeoirí trí chomhpháirtíochtaí thar an saol acadúil agus tionscal chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna taighde ríthábhachtacha. I dteannta an infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) atá ann cheana a choinneáil agus FDI nua a tharraingt, cothaíonn na lárionaid/braislí seo forbairt ar chuideachtaí teicneolaíochta nua agus atá ann cheana atá bunaithe in Éireann agus a chuireann go mór leis an ngeilleagar agus an tsochaí.

I rith na bliana 2009, d’fhógair SFI go mbunófaí seacht SRC nua a bheadh maoinithe ag SFI agus CSET nua – Córais Bhitheolaíochta Éireann. Oibríonn na lárionaid/braislí SFI nua seo le 37 cuideachta. Dírionn an taighde sna lárionaid/braislí seo ar réimsí straitéiseacha cosúil le Teileachumarsáid agus Matamaitice Airgeadais. Tugann an infheistíocht nua seo líon na CSET agus SRC taighde atá maoinithe ag an SFI go 29, lena bhfuil 179 cuideachta ag obair.



Comhoibrí Taighde Tionscail de réir Cineál Dámhachtana

	Corparáid Ilnáisiúnta (MNC)	FBM	An Earnáil Phoiblí	ENR	Iomlán
PI*	165	87	21	7	280
SRC	66	51	2	1	120
CSET	60	44	2	7	113
RFP	49	24	10	5	88
Iomlán	340	206	35	20	601

Tá naisc idir an straitéis infheistíochta seo de chuid an Rialtais agus gníomhaíocht infheistíochta isteach in Éirinn an-soiléir. Is léir go bhfuiltear ag díriú ar an mbonn tionscail a athrú. Cúig bliana ó shin, bhí níos lú ná an deichiú cuid d’infheistíochtaí ilnáisiúnta in Éirinn le tacaíocht ó IDA Ireland in TF&N. Sa bhliain 2009, ba ionann seo agus beagnach 50%.

*Grúpáilann an catagóir seo PI cosúil le dámhachtainí le chéile, dá bhrí sin áirítear PI, PICA, PIYRA, Res Prof; US-Ire, MI, agus SIRG.

Cás-Staidéar

Baineann tuismitheoirí
Tairbhe as Nuálaíocht
DERI



Tá Atom, uirlis nua idirlín nuálaíoch ó Institiúid Taighde na Fiontraíochta Digtí (DERI) SFI CSET in OÉ Gaillimh, ag cur ar chumas tuismitheoirí teacht go héasca ar eolas maidir le gníomhaíochtaí, ranganna, campaí, imeachtaí nó seirbhísí dá gcuid leanaí.

Tá an teicneolaíocht ceadúnaithe do shuíomh gréasáin de liostaí teaghlach www.mykidstime.ie. Brabhsálaí bunaithe ar chiorcal is ea Atom, a cheadaíonn don úsáideoir brabhsáil a dhéanamh go tapa agus go hiomasach ar chatagóirí éagsúla ar bhealach a dhéanann aithris ar ghníomhaíocht na hinchinne.

Tá an brabhsálaí Atom ar fáil sa tseirbhís 'look and book' a thairgeann www.mykidstime.ie agus éascaíonn sé an bealach


ina n-idirghníomhaíonn tuismitheoirí le sonraí liostaí.

Tá dhá theicníc paitinnithe ag ComhÉadan Atom chun méideanna méadaithe sonraí a láimhsiú agus tacaíonn sé go hiomasach le húsáideoirí trína chuid feidhmeanna atá éasca le húsáid.

Cruthaíthe i dtosach báire ag DERI, rinneadh breis forbartha agus leasaithe ar an mbrabhsálaí Atom trí thairghe agus forbairt le Mykidstime, le tacaíocht ó scéim dearbháin nuálaíochta de chuid Fiontraíocht Éireann.

Stefan Decker, Stiúrthóir, DERI


"Is aistriú teicneolaíochta atá i gceist anseo, ó DERI chuig an margadh. Is sampla é d'fhiontar fiontraíoch níos lú ag baint tairbhe as an taighde ard-chalabra atá á dhéanamh anseo i DERI".



“In 2009 dhaingnigh taighdeoirí SFI os cionn €21 milliún i ndeontais Fiontraíocht Éireann do thaighdeoirí HEI”


I mórán cásanna tá na tionscadail TF&N seo ag daingniú bonn cliant ilnáisiúnta de chuid IDA Ireland in Éirinn. Is samplaí iad IBM, Boston Scientific agus Intel de chuideachtaí cliant de chuid IDA Ireland a bhí ag obair le grúpaí taighde SFI sa bhliain 2009.

Punann infheistíochta T&F IDA Ireland**



Tá gníomhú na hearnála dúchasaí i T&F ríthábhachtach d’fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe fadtéarmach. Tá caiteachas T&F méadaithe ag cuideachtaí Éireannacha go thart ar €520 milliún sa bhliain 2008. Is ionann é seo agus méadú 57% i gcúig bliana, agus méadú d’aon trian i dtrí bliana. Tá ról ríthábhachtach freisin ag forbairt Fiontraíocht Éireann ar Thosuithe Ardacmhainne. Idir na mblianta 2000-2006 thacaigh Fiontraíocht Éireann le 430 Tosú Ardacmhainne, le díolacháin de €638 milliún, onnmhairí de €344 milliún agus fostaíocht de 5,500 (1,300 i T&F).

Fás i bhFeidhmíocht T&F Dúchasach (á dtacú ag FÉ)**



Sa bhliain 2009 dhaingnigh taighdeoirí SFI €21 milliún i ndeontais Fiontraíocht Éireann do thaighdeoirí HEI, ag léiriú go bhfuil nasc láidir ann idir bhuntaighde SFI agus chlár taighde feidhmeacha Fiontraíocht Éireann.



Sa bhliain 2009, leis an aidhm gnóthú na dtairbhí eacnamaíocha ó CSET de chuid SFI a bhrostú, bhunaigh Fiontraíocht Éireann, in éineacht le SFI, comhthionscnamh chun Bainisteoirí Forbartha Tráchtálaithe a mhaoiniú i sé CSET de chuid SFI.

Sa bhliain 2009, dhear agus sheol SFI an Dámhachtain Forbartha Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (TIDA) chun caidreamh níos fearr le comhpháirtithe tionsclaíochta a éascú agus chun giniúint na dteicneolaíochtaí feidhmeacha nua a fheabhsú. D’fhéadfadh taighdeoirí maoinithe ag SFI a bheith ar an eolas níos mó maidir le tosaíochtaí tionsclaíochta agus riachtanais taighde mar thoradh ar chaidreamh dá leithéid, fad is a chuirfí comhoibrithe tionsclaíochta ar an eolas faoi fhorbairtí taighde eolaíochta agus innealtóireachta nua tábhachtacha in Éirinn. Aithníonn SFI an deis féideartha atá ann freisin chun breis forbartha a dhéanamh ar theicneolaíochtaí ó thaighde maoinithe ag SFI i réimse níos feidhmí nó níos tráchtála. Thug an clár tacaíocht do ocht dtionscadal sa bhliain 2009, ag tabhairt le chéile taighdeoirí acadúla i gcúig HEI (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, OÉ Gaillimh agus Ollscoil Luimnigh) agus cuideachtaí cosúil le Boston Scientific, Pfizer Reserved, Almac Sciences, Bianca Med Ltd agus Líonraí BSL.

Tá an fócas ar thráchtálú léirithe i dtuaisciú na dtaighdeoirí maoinithe ag SFI sa bhliain 2009 ar an méid seo a leanas: Nochtadh 136 aireagán, comhdaíodh 108 paitinn, bronnadh 10 bpaitinn, gineadh 20 ceadúnas, chuir grúpaí le 13 tionscalchaighdeán, agus bunaíodh sé mhac-chuideachta luathchéime.

Cás-Staidéar

Ag troid in aghaidh na hailse le miotail lómhara



Tá platanam níos lómhaire ná ór, agus ní i dtéarmaí airgid amháin. Maraíonn an miotal cealla ailse, ach faoi mar a bhreathnaigh an Dr. Celine Marmion ag Coláiste Ríoga na Máinteá in Éirinn, níl ach trí dhruaga bunaithe ar phlatanam faofa le haghaidh úsáide cliniúla domhanda go dtí seo.

Tá platanam éifeachtach, a mhínigh sí, mar ceanglaíonn sé do chnámh droma DNA, agus cuireann sé sin cosc le macasamhlú. Cuirtear stop le fás an tsiada, ach faraor, ní dhéanann platanam idirdhealú idir chealla ailse agus ghnáthchealla, mar sin caithfidh an chóireáil a bheith dírithe go cúramach ar an siad féin. Baineann an chomhbhabhtáil, arsa an Dr. Marmion, leis an ailse a mharú fad is a fhágtar go leor gnáthchealla le haghaidh téarnaimh.

Is é ceann de chuspóirí an Dr. Marmion ná go mbeadh soláthar na ndrugaí platanaim níos roghnaíoch. Tá sé ar eolas cheana féin, a dúirt sí, go bhfuil cumaisc phlatanaim éagsúla níos roghnaíoch ná a chéile, agus go bhfuil cealla ailse in ann frithsheasmhacht a fhorbairt. "Tá meicníocht féinchosanta de chineál éigin ag gníomhú," a dúirt sí. Is bacainne tromchúiseach eile í go bhfuil claonadh ag platanam chun ceangal le démhóilíní ina bhfuil sulfar, agus mar sin ní bhíonn siad ar fáil chun

ceangal le DNA na gceall ailse.

Níl aon ghanntanas díobh seo ag an gceall, dá bhrí sin úsáidtear formhór an phlatanaim sula sroicheann sé an DNA fiú. "Meastar", a dúirt an Dr. Marmion, "nach sroicheann ach thart ar 1% de dhruaga platanaim an sprioc bheartaithe, agus ciallaíonn sé sin go mbíonn dáileoga níos airde ag teastáil agus d'fhéadfadh fo-iarmhairtí tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu seo".

Le maoiniú SFI, tá an Dr. Marmion ag lorg slíte chun teacht ar réiteach ar na fadhbanna seo. Is é cur chuige amháin atá aici ná a fháil amach an bhféadfaí cumaisc phlatanaim a cheangal d'ábhar éigin eile a dhíreodh isteach ar chealla ailse.

"Measaimid go bhfuil an t-ábhar sin faighte againn," a dúirt sí. Tá aicme nua de chumaisc platanam-bhunaithe forbartha ag a grúpa agus tá sé léirithe ag na cumaisc go bhfuil siad an-éifeachtach ag marú ceall ailse ach nach bhfuil siad chomh tocsaineach do ghnáthchealla. Tá siad seo á dtástáil faoi láthair ar réimse leathan ceall ailse".

Tá páipéar taighde foilsithe san iris eiseamláireach Chemical Communications, tá iarratais phaitinne SA agus AE curtha faoi bhráid maidir leis an obair agus tá Duais Nuálaíochta RCSI bronnta ar an Dr. Marmion dá cuid taighde.



RCSI

CSET agus SRC de chuid SFI

Tugann 10 CSET agus 19 SRC (ag príomhinstiúid óstach) de chuid SFI taighdeoirí acadúla le chéile ó 179 cuideachta.

CSETs

Corcaigh

- Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Gaillimh

- Institiúid Taighde Fiontair Digiteach (DERI), Ollscoile na hÉireann, Gaillimh
- Institiúid Leighis Athghinteach (REMEDI), Ollscoile na hÉireann, Gaillimh

Baile Átha Cliath

- Ionad um Thaighde Nani-Struchtúir agus Nani-Fheistí Oiriúnaitheach (CRANN), Coláiste na Tríonóide
- Ionad Taighde Luach Shlabhra Teileachumarsáide (CTVR), Coláiste na Tríonóide
- Institiúid Diagnósice Bithleighis (BDI), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Next Generation Localisation (CNGL), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Systems Biology Ireland, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- CLARITY, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Luimneach

- LERO – Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann, Ollscoil Luimnigh

Braislí Taighde Straitéiseacha (SRC)

Corcaigh

- Próiseáil Chomhartha Digiteach Leabaithe Éifeachtach le haghaidh Sláinte Dhigiteach Shoghluaiste (EEDSP), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide um Oibríocht Foirgníochta Inbhuanaithe & Barrfheabhsaithe (ITOBO), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Fótonaic - Comhtháthú "Ó Adaimh go Córais" (PiFAS), Institiúid Náisiúnta Tyndall
- FORME – Ocsaídí Feidhmiúla & Ábhair Ghaolmhara Leictreonaice, Institiúid Náisiúnta Tyndall

Luimneach

- Braisle Chógaisíochta Soladstaide, Ollscoil Luimnigh

Gaillimh

- Líonra Barr Feabhais le haghaidh Bithábhar Feidhmiúla (NFB, OÉ Gaillimh)
- Braisle Taighde Ghlicea-eolaíoch an Bhia (AGRC), OÉ Gaillimh

Má Nuad


- Taighde Straitéiseach sna hArdgheoiteicneolaíochtaí (StratAG) Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Port Láirge

- Bainistíocht Uathnómach ar Sheirbhísí Cumarsáide End-to-end (FAME) Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Baile Átha Cliath

- Braisle Taighde na Bitheolaíochta Atáirgthe, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Ardbhith-aithris um Aistriú Fuinnimh Gréine, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- BioNanoInteract, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Líonra Taighde na hÉireann um Sholáthar Drugaí (IDDN), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Clíque SRC Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Braisle Ríomha Matamaitice Airgeadais (FMC2) Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Lárionad Taighde Imdhíoneolaíochta (IRC), Coláiste na Tríonóide
- Braisle Idirscaradh Eolaíochta Éireann, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Teiripic Mhóilíneach do Ailse Éireann (MTCI), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Precision, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



Taighdeoirí SFI

- ▶ páirteach anois i **340** comhoibriú le Cuideachtaí Ilnáisiúnta

Taighdeoirí SFI

- ▶ páirteach anois i **206** comhoibriú le FBM

Alcatel-Lucent  Alimentary Health  ANTI-CANCER INCORPORATED 

Caliper LifeSciences 

eblanaphotonics 
precision lens for advanced communications

CISCO 

Erigal 

Firecomms 

EIRGRID 

ESB 

enfer SCIENTIFIC 

hp invent 

gsk GlaxoSmithKline 

HELSEIN 

IBM 

intune networks 

ARUP 

JANSSEN PHARMACEUTICA 

intel 

KUGLER MAAG GIE 

SOCOWAVE 



Medtronic
When Life Depends on Medical Technology

KERRY 

Schering-Plough 

symantec 

Microsoft 

NOVARTIS ONCOLOGY 

BD 

Roche 

SensL
THE LOW LIGHT SENSING COMPANY 

SERVIER 

CELTIC CATALYSTS
CHALLENGING CHIRAL SYNTHESIS 

CREGANNA
TACTX MEDICAL 

decaWave
thinking outside the box 



The Institute of Bankers in Ireland

MILLIPORE

Cuideachtaí

[Almac Diagnostics](#)

[Avanex \(OCLARO\)](#)

[AvantiCell Science Ltd](#)

[BIAS - Bremer Institut Fur](#)

[Angewandte Strahltechnik GMBH](#)

[BioCEP](#)

[Biospark \(Imperative Energy and Sustainable Biopolymers\)](#)

[Biosurfit SA](#)

[Biotrin International Ltd](#)

[Boehringer Ingelheim](#)

[Brahms](#)

[British Biocell International](#)

[British Telecom \(BT\)](#)

[Butler Manufacturing Services \(BMS\)](#)

[Carbery Milk Products](#)

[Cathx](#)

[Cellix](#)

[Celtrak](#)

[CIP Technologies](#)

[Citco](#)

[Citi](#)

[ClearSight Ltd](#)

[CODEX Discovery](#)

[CR Entertainment, DLIADT](#)

[Cyntelix](#)

[DataKraft](#)

[De Puy](#)

[DEBRA Ireland](#)

[Diamond Detectors Ltd](#)

[DNP](#)

[EADS](#)

[Elastin Specialties, Inc.](#)

[Emerson Process Management](#)

[Enzolve Technologies Ltd](#)

[EPPRA SAS](#)

[eSpatial](#)

[Eudaemon Consulting Ltd.](#)

[European Investment Bank](#)

[European Space Agency \(Netherlands\)](#)

[Evergreen Engineering](#)

[Fairchild Semiconductors](#)

[FairView Analytics Ltd.](#)

[FibroGen, Inc.](#)

[Fidelity Investments \(FISC\)](#)

[Fintrax](#)

[Firecomms](#)

[FrieslandCampina](#)

[Fugro-BKS](#)

[Full Flight Technology](#)

[Genzyme Corporation](#)

[Glantreo](#)

[Glas-seal](#)

[Glebe Scientific](#)

[G-Media](#)

[Gtelemetry](#)

[Halcyon Solutions](#)

[Hertfordshire Constabulary](#)

[HOLOEYE PHOTONICS AG](#)

[HSE](#)

[HSG Zander GMBH](#)

[Huawei Technology Co. Ltd](#)

[Huron Consulting Group](#)

[Imagine Eyes](#)

[iMobile](#)

[Infineon](#)

[Innocoll](#)

[Innolume, Inc.](#)

[Integra Life Sciences](#)

[Intelligent Data Systems](#)

[Intercept Pharma](#)

[Inverness Medical](#)

[Innovations, Inc.](#)

[JBA](#)

[JS Bolger \(Racehorse trainer\)](#)

[KWPN](#)

Cás-Staidéar

CRANN agus Hewlett-Packard


Is Lárionad um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (CSET) atá maoinithe ag SFI é an tIonad um Thaighde Nani-Struchtúir agus Nanai-Fheistí Oiriúnaitheach (CRANN) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Le trí bliana anuas d'oibrigh na taighdeoirí sa lárionad in éineacht le Hewlett-Packard (HP) sa chomhfhorbairt ar scannáin tanaí solúbtha, tréshoilseacha agus thar a bheith seoltach. Úsáideann an tionscadal seo buntaighde atá déanta in ollscoileanna agus atá nasctha go díreach le mórthionscnamh straitéiseach i HP chun taispeántais solúbtha, tréshoilseacha a fhorbairt – “páipéar leictreonach” – ag baint úsáide as déantúsaíocht rolla-go-rolla ar chostas íseal.


Maoinítear an clár taighde tríd an clár CSET de chuid SFI, agus tacaíonn maoiniú breise de chuid IDA Ireland le forbairt teicneolaíochta ghaolmhar i HP Ireland. Tá sárthorthaí tagtha as an gcomhoibriú; tá úsáid bainte as na teicneolaíochtaí nua a forbraíodh chun fréamhshamhlacha a dhéanamh ar fud na heagraíochta HP, lena n-áirítear Saotharlanna HP i mBristó agus Palo Alto, agus na hOibríochtaí Forbartha Teicneolaíochta i Corvallis.

Tá roinnt páipéar eolaíochta foilsithe in irisí le hardtionchar agus nochtadh aireagáin i CRANN agus HP de bharr na dteicnící a forbraíodh agus rinneadh iarratais phaitinne dá bharr. Níos tábhachtaí fós, de bharr an taighde tá aitheantas á thabhairt anois d'aschur na dtionscadal ar an treoclár forbartha táirge domhanda de chuid HP mar iarrthóir le haghaidh táirgí na chéad glúine eile, agus cuireann sé seo deis ar fáil do theicneolaíocht atá forbartha in Éirinn buntaca a thabhairt do mhórthionscnamh táirge nua le haghaidh corparáide ilnáisiúnta domhanda.

Mar thoradh ar an gclár seo atá maoinithe ag SFI, aithnítear HP Ireland laistigh de HP anois mar sholáthraí de réitigh theicneolaíochta thábhachtacha don eagraíocht – ag cumasú fás an tsainordaithe taighde go háitiúil. Tá CRANN comhtháite go maith i HP anois agus tá clár taighde nua, níos leithne forbartha aige don todhchaí. Comhcheanglaítear Éire le taighde agus nuálaíocht cruthaitheach anois, aitheantas atá ríthábhachtach d'Éire faoi mar a léiríonn sí a cumas chun a bheith fíorluachmhar do thionscal, agus cabhraíonn sé infheistíocht dhíreach eachtrach nua a mhealladh agus chun tionscal atá ann cheana agus na poist atá comhcheangailte leis a chinntiú.



CRANN



Cuideachtaí *ar lean*

[Luxcel Biosciences Ltd](#)

[Lyncée TEC SA](#)

[MagSense Life Sciences](#)

[Marigot Ltd](#)

[mBio Diagnostics](#)

[Mendel Biotechnology, Inc.](#)

[MITRE](#)

[Movidius](#)

[Moving Media](#)

[Nerviano Medical Sciences](#)

[NIBRT](#)

[Nokia Siemens](#)

[Noscira](#)

[Novo-Nordisk](#)

[Novozymes A/S](#)

[Nujira](#)

[NXP](#)

[Ocean Energy Ltd](#)

[Oceanlinx](#)

[Openlink Software \(USA\) Ltd.](#)

[Ortho Clinical Diagnostics](#)

[Parexel International UK](#)

[Pavement Management Services Ltd.](#)

[Pharmatrin Ltd.](#)

[Pilkington Glass \(UK\)](#)

[Piper Systems Ltd](#)

[Prospect 23](#)

[Proxy Biomedical Ltd](#)

[Qiagen GmbH](#)

[Rolls-Royce](#)

[Rovsing Ireland Ltd.](#)

[Saudi Aramco](#)

[SDL Enterprise Technology \(Ireland\)](#)

[Sheeran Ltd](#)

[Sigma Aldrich Fine Chemicals Hitech](#)

[Snap-On](#)

[Solaprint Ltd](#)

[Somex Limited](#)

[SpeechStorm](#)

[Spokesoft](#)

[SpongeIT](#)

[Sports Index](#)

[SSE renewables](#)

[St Gobain Glass](#)

[St Vincent's University Hospital](#)

[Storm Technology Ltd](#)

[Sygnature](#)

[Synopsys International Ltd.](#)

[T2M](#)

[Tango Telecom](#)

[Technology From Ideas Ltd](#)

[ThermoFisher Scientific](#)

[Thomas Jefferson University](#)

[Toray Industries](#)

[Toshiba China](#)

[Tullow Oil Plc](#)

[United Technologies](#)

[VI Systems](#)

[VistaTEC](#)

[Vitesse](#)

[Voco GmbH](#)

[VTT Finland](#)

[Warwick Effect Polymers](#)

[Wikki](#)

[Wirelite Sensors](#)

Cás-Staidéar

Tá Éire sa 3ú háit
ar Domhan san
Imdhíoneolaíocht

Tá feidhmíocht na hÉireann i dtaighde imdhíoneolaíochta ar an ardán domhanda 'sármhaith', de réir tionscadail úrnua ó Thomson Reuters.

Nocht a gcuid bunachar sonraí 'Táscairí Eolaíochta Riachtanacha' go bhfuil Éire rangaithe sa tríú háit i Rogha 20 na dtíortha ar fud an domhain i dtéarmaí luanna de bhunaitl irisí i rith na tréimhse ó Eanáir 1999 go Deireadh Fómhair 2009. Fuair ailt ó Éire, in éineacht leis an Eilbhéis agus na Stáit Aontaithe, os cionn 25 lua an ceann, agus is léiriú mórthaibhseach é seo ar thionchar taighde na hÉireann sa réimse imdhíoneolaíochta.

Ach cé hiad na daoine laistiar de na haitt seo? Ceann acu is ea an tOll. Luke O'Neill, atá maoinithe ag SFI, ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, an t-aon ollscoil Éireannach atá rangaithe sa chéad 1% d'institiúidí ar domhan le haghaidh taighde imdhíoneolaíochta.

Bronnadh Bonn Boyle clúiteach de chuid an Irish Times RDS do Shármhaitheas Eolaíochta ar an Oll. O'Neill i mí na Samhna anuraidh agus bronnadh Taighdeoir SFI na bliana air sa mhí chéanna. Ag tabhairt ráiteas ar thóir an ailt a luaitear go minic i Nature Reviews Immunology, dúirt an tOll. O'Neill "Is sintéis eolais é – b'fhéidir go bhfuil sé ar cheann de na cinn is mó i dtéarmaí ábhair a foilsíodh in 2007."

I measc taighdeoirí eile sa réimse seo atá maoinithe ag SFI tá an tOll. Kingston Mills, an Dr. Andrew Bowie, an tOll. Padraic Fallon agus an Dr. Ed Lavelle, iad go léir lonnaithe sa mhol imdhíoneolaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I dteannta a chéile tá obair foilsithe ag na himscrúdaitheoirí seo in irisí clúiteacha cosúil le Nature, Nature Immunology, Immunity, Nature Genetics agus PNAS. Cinnteoidh cothú leanúnach a gcuid buanna agus infheistíocht ina gcuid taighde go bhfuil Éire ar cheann de na tíortha is fearr san imdhíoneolaíocht.



THOMSON REUTERS

“I rith 2009 thacaigh SFI le 26 comhdháil agus ceardlann”

► Ag Cur le Cáil Domhanda na hÉireann.


Is fócas lárnach don SFI í forbairt a dhéanamh ar chlú na hÉireann mar láthair taighde eolaíochta den chéad scoth agus mar fhoinsé chaipitil dhaonna ardchaighdeán. Ceadáíonn infheistíocht an Rialtais in SFI d'Éire páirt a ghlacadh i lár na heolaíochta domhanda agus na ngníomhaíochtaí innealtóireachta. Beidh teicneolaíocht ríthábhachtach chun daonra an domhain a chothú, a nascadh, a leigheas, breosla agus tithíocht a chur ar fáil dóibh, agus gan infheistíocht ní bheidh Éire páirteach i dteicneolaíochtaí na toadhcháí a chruthú.

I rith na bliana 2009, thacaigh SFI le 26 comhdháil agus ceardlann. Áiríodh iontu seo, an Siompóisiam ar Bhithstaitisticí agus Géineolaíocht Staidrimh, Comhdháil Bhia Feidhmiúil na Stát Aontaithe/na hÉireann; Cruinniú Bliantúil Chumann Imdhíoneolaíochta na hÉireann; 21ú Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Chrómatagrafaíocht Iain (IICS); Comhdháil Gheimhridh Chuibhreannas Nítrídí na Ríochta Aontaithe, 5ú Ceardlann ar Chódú agus Córais agus ‘W2GIS 2009’ - an 9ú Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Chórais Faisnéise Geografaí Gréasáin & Gan Sreang. Cé nach é príomhchuspóir na Comhdhála SFI agus an chlár Cheardlainne ranníocaíocht díreach a dhéanamh leis an ngeilleagar, meastar gurb ionann luach na n-imeachtaí

seo do gheilleagar na hÉireann agus €5 mhilliún. Ghlac 16 taighdeoir páirt i gClár Cuairteora de chuid ETS Walton i rith na bliana 2009, ó institiúidí cosúil le Imperial College London, Université de Pierre et Marie Curie, UCLA, Institiúid Teicneolaíochta na Seoirse agus Philips Research, an Bheilg.

Tá fordheontais Chomhaltachta Taistil Ghearrthéarmach (STTF) deartha chun cur ar chumas baille foirne i ngrúpa maoinithe ag SFI comhoibriú a dhéanamh ar thionscadail taighde i saotharlanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse suas le trí mhí fhéilire. Ceadáíonn an fordheontas seo do thaighdeoirí bunaithe in Éirinn comhoibriú a bhunú agus a gcuid saineolais/inniúlachtaí a fhorbairt (agus iad sin sa saotharlann bhaile dá bharr) i gceantar a bhaineann lena dtaighde ach nach bhfuil ar fáil i bPoblacht na hÉireann. I rith na bliana 2009, chuir an Chomhaltacht Taistil Ghearrthéarmach tacaíocht ar fáil do 25 taighdeoir chun taisteal chuig ollscoileanna agus comhlachtaí taighde thar lear in ocht dtír, a bhformhór acu ag taisteal go dtí Stáir Aontaithe Mheiriceá (13).

Ceangail Domhanda de chuid Taighdeoirí SFI - 56 Tír





Cás-Staidéar CLARITY CSET

Tá an tOll. Barry Smyth (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) mar Chathaoirleach Digiteach ar Eolaíocht Ríomhaireachta i Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Clúdaíonn taighde an Oll. Smyth réimse leathan ábhar san intleacht shaorga lena n-áirítear meaisínfhoghlaim, samháltú úsáideora agus aisghabháil faisnéise. Sa bhliain 1999, chomhbhunaigh an tOll. Smyth CHANGINGWORLDS LTD, mar mhac-chuideachta de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chun teicneolaíochtaí pearsanaithe a thabhairt chun na hearnála soghluaiste. Fostaíonn CHANGINGWORLDS os cionn 120 duine in oifigí in Éirinn, san Áise agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá anois agus comhoibríonn sé go dlúth leis an Oll. Smyth i gcónaí.

In Aibreán na bliana 2008, fógraíodh go mbronnadh SFI €11.8 milliún ar CLARITY, clár taighde tionscail comhpháirteach de chuid Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i Sensor Web Technologies faoi stiúir an Oll. Smyth, chun Lárionad um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (CSET) a chur ar bun. Le maoiniú breise ó na comhpháirtithe tionsclaíochta, is ionann an maoiniú iomlán agus €16.5 milliún.

Le breis tacaíochta ó Fhiontraíocht Éireann, tá dhá mhac-chuideachta bhreise forbartha ag

taighdeoirí i CSET de chuid CLARITY. Úsáideann HEYSTAKS TECHNOLOGIES teicneolaíocht phaitinne ar fheitheamh chun eispéiris chuardaigh ar an idirlíon a bhainistiú, a roinnt agus a rialú. Tá sé léirithe go bhfeabhsaíonn sé ráta ratha na gcuardach Google faoi suas le 50%, ag sábháil am agus iarracht na n-úsáideoirí gach lá. Forbraíonn THERAPEUTIC EXERGAMING cluichí ríomhaire agus braiteoirí gluaisne a chaitear ar an gcorp chun cleachtaí teiripeacha a mhúineadh d'othair. Ordaíonn fisiteiripeoirí teiripe aclaíochta mar chuid de chlár cothabhála do mhóran gortaithe agus neamhdhóthanacha a bheith mar thoradh ar chloí lag agus droch-theicníc chleachtaidh do roinnt othar.

Sa bhliain 2006, mar aitheantas ar a ghníomhaíochtaí tráchtálaithe, bronnadh an Dámhachtain Tráchtálaithe Faisnéisíochta de chuid Fiontraíocht Éireann ar an Oll. Smyth agus ba iomaitheoir é sa bhábta deireanach de chatagóir Idirnáisiúnta na Dámhachtana Clúití Ernst & Young, Fiontraí Óg na Bliana. Sa bhliain 2009, bhuaigh HEYSTAKS TECHNOLOGIES an Comórtas Fiontraíochta tionscnaimh, uile-Eorpach, de chuid UNICA do Mhic Léinn agus Taighdeoirí Óga.



“Bhí taighdeoirí maoinithe ag SFI páirteach in 1,967 comhoibriú acadúil in 2009”

Tacaíonn SFI le agus gabhann sé ar féin Éire a chur chun cinn mar láthair idirnáisiúnta le haghaidh taighde agus forbartha. Oibríonn SFI i gcomhar le IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha. I rith na bliana 2009, ghlac SFI páirt i seimineár comhpháirteach le IDA Ireland sa tSeapáin, i gcuairt trádála chuig an tSín agus an India, agus i BIO 2009 le IDA Ireland agus Fiontraíocht Éireann. Ina theannta sin, bhí SFI ina óstach do sheimineár taighde ag Institiúid Whitehead MIT, i rith cuairt an Uachtaráin Mhic Giolla Íosa go Bostún.

Bhí taighdeoirí maoinithe ag SFI páirteach i 1,967 comhoibriú acadúil in 2009. Bhí 76% acu seo i dteanna comhpháirtithe atá bunaithe lasmuigh d'Éire. Tá an comhoibriú seo tábhachtach d'fhonn acmhainní a roinnt, taighde comhpháirteach agus foilseacháin a dhéanamh agus líonraí agus caidreamh a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach chun braislí barr feabhais a chruthú agus rochtain a fháil ar/giaráil foinsí maoinithe seachtracha cosúil le Creatchlár an AE.

Bhí taighdeoirí SFI páirteach in imeachtaí eolaíochta idirnáisiúnta thar lear agus in Éirinn. Bhí grúpaí maoinithe ag SFI ina n-óstach do nó ina gcomhaltaí ar an gcoiste cláir le haghaidh 495 imeachta, tugadh cuairt dóibh labhairt ag 1,303 comhdháil/imeacht agus chuir siad páipéir nó póstaer i láthair ag 2,712 imeacht. Léiríonn sé seo an chaoi ina bhfuil Taighdeoirí SFI ag cur taighde na hÉireann in iúl agus chun cinn ar ardán idirnáisiúnta.

D'fhógair an tAire Lenihan comhoibriú nana-taighde comhpháirteach idir HP agus CRANN. Sa phictiúr tá an tOll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Dr. Diarmuid O'Brien, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, CRANN, CSET de chuid SFI, an tUas. Pat Harnett, Bainisteoir T&F, HP Ireland agus an tUas. Conor Lenihan, T.D., Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.



Cás-Staidéar

Braisle Cógaisíochta Soladstaide

Féadfaidh aimsiú druga nua deireadh a chur le tóraíocht fada ag taighdeoirí, ach maidir leis an tionscal cógaisíochta, níl ach cuid amháin den phróiseas i gceist leis seo.


Sula bhféadfar aon ní a tháirgeadh, caithfidh an tionscal a aimsiú conas an druga a tháirgeadh ar an mórchóir agus i bhfoirm a bhféadfaidh dul ar an margadh. Níl i gcríostalú, trasfhoirmiú céime agus meascadh ach roinnt de na céimeanna is dóchúlta a bheidh bainteach, agus má bhíonn fiú beagán éagsúlachta idir na próisis seo, caitear ábhair a athphróiseáil, nó fiú iad a chur i leataobh. I gcomparáid le tionscail eile, tá an leibhéal athphróiseála níos airde agus is í an príomhchúis ar seo ná go raibh an bhéim go traidisiúnta ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thréithe ceimiceacha seachas tréithe fisiciúla tábhachtacha a chur san áireamh.


Is comhoibriú í an Bhraisle Cógaisíochta Soladstaide faoi stiúir an OLL. Kiernan Hodnett, OLLscoil Luimnigh, lena mbaineann taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus OLLscoil na hÉireann, Gaillimh, a bhfuil sé de sprioc aici fairsinge na faisnéise ceimice, innealtóireachta agus acadúla a chomhoiriúnú le fios táirgthe praiticiúil ó thionscal chun teacht ar réiteach na faidhbe maidir le conas drugaí a tháirgeadh san fhoirm cheart. Bíonn formhór na ndrugaí a thógtar, mar phiollairí de ghnáth, i bhfoirm púdair nó críostal. Féadfaidh críostail a bheith éagsúil, cé go m'fhéidir nach mbeadh sé seo soiléir ach faoi mhicreascóp amháin, féadfaidh tionchar a bheith ag na difríochtaí ar conas a ghlacann an corp le druga. Cé go bhféadfadh

drugaí a bheith mar an gcéanna go ceimiceach, braitheann an bealach ina

gcuirtear i láthair iad de ghnáth ar cén uair, cén áit agus cén chaoi a n-ionsófar iad. Bíonn níos mó ná triail is earráid i gceist chun na próisis sin uile a fháil i gceart. Tugann eolas ar cad atá i gceist ag an leibhéal móilíneach agus tuiscint ar an eolaíocht ar cúis leis na himoibriúcháin i bhfad níos mó smacht don tionscal, agus seachas toradh deiridh níos fearr, d'fhéadfaí sábháil suntasach a dhéanamh ar acmhainní.

Le níos mó ná 80 cuideachta cógaisíochta i mbun déantúsaíochta in Éirinn, tá an earnáil freagrach as aon cheathrú dár n-aschur déantúsaíochta. Is í ceann de na príomhchúiseanna go bhfuil ag éirí chomh maith leis na cuideachtaí sin in Éirinn ná go bhfuil cáilíocht an táirgthe ard, agus féadfar an earnáil seo a choimeád sláintiúil trí ardleibhéal tacaíochta a chur ar fáil ó shaineolas bunaithe ar thagairde. Is gnó thar a bheith iomaíoch é déantúsaíocht cógaisíochta, agus is cosúil go n-éireoidh sé níos iomaíche fós toisc go bhfuil paitinní ar roinnt de na drugaí móréilimh ag dul as feidhm. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí anois do chuideachtaí buntáiste iomaíoch a bheith acu i rialú próiseála, agus tá saincheist ghaolmhar ann maidir le conas a roghnaítear suíomhanna seolta le haghaidh drugaí nua. Ní mhaireann cosaínt phaitinne ach ar feadh líon teoranta blianta, mar sin ní fhéadfaidh déantúsóirí moill a dhéanamh ag cur tús le táirgeadh. Déantar cinntí maidir le cá suífidh táirgeadh ar an mórchóir i dtosach ag brath ar chuntas teiste aitheanta agus infaighteacht saíneolais. Beidh monarchana ar éiríonn go maith leo an chéad uair ar an gcéad rogha i gcónaí do tháirgeadh drugaí nua.



**Ag Giaráil Breis Maoinithe -**

Sa bhliain 2009, thuiriscigh taighdeoirí SFI gur ghnóthaigh siad €159 milliún de mhaoiniú taighde ó fhoinsí neamh-SFI. Fuarthas 44% den mhaoiniú seo ó fhoinsí neamh-stáitchiste, arb é an AE an té is mó acu (€38 milliún), a léiríonn rath suntasach i ngiaráil maoinithe idirnáisiúnta go hÉireann. Fuarthas 56% ó fhoinsí stáitchiste, lena n-áirítear €21 milliún faoi chláir de chuid Fiontraíocht Éireann, a léiríonn nasc láidir idir an pobal taighde le tacaíocht ó SFI agus cláir taighde agus tráchtálaithe feidhmeacha de chuid Fiontraíocht Éireann.

► Tacaíonn SFI le héagsúlacht ábhar Oideachais & For-rochtana.

Aithníonn SFI an tábhacht a bhaineann le daoine óga a mhealladh isteach i ngairmeacha san eolaíocht agus innealtóireacht agus le ról an oideachais agus na for-rochtana ag tacú leis seo. Ina theannta sin, is léir go bhfuil gá ag SFI tacú le tuiscint níos fearr i leith an phobail ghinearálta ar an nasc idir fhorbairt gheilleagrach agus eolaíocht agus innealtóireacht. Glacann thart ar 60% de thaighdeoirí maoinithe ag SFI páirt i ngníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana. Go hiomlán, chuaigh taighdeoirí maoinithe ag SFI i mbun 697 léachta/taispeántais phoiblí, 757 cuairt/cur i láthair go scoileanna agus 1,077 idirghníomhaíocht leis na meáin. Tá gníomhaíochtaí cuimsitheacha oideachais agus for-rochtana ag CSET de chuid SFI. Ina measc seo tá comórtais, cluichí ríomhaire, suímh ghréasáin le hachmhainní for-rochtana do mhúinteoirí agus daltaí, díospóireachtaí poiblí, cuairt scoile agus cuairt ar shaotharlanna. Soláthraíonn clár SFI um Chainteoirí do Scoileanna cuairteanna saor in aisce do scoileanna ina dtugann taighdeoirí agus baill foirne de chuid SFI óráidí agus déantar taispeántais do dhaltaí. I rith na bliana 2009, bhí 63 taighdeoir SFI cláraithe chun 159 óráid difriúil a thabhairt do dhaltaí scoile.

Tá sé díreach chomh tábhachtach go bhfaigheadh ár bhfochéimithe óga taithí ar thimpeallachtaí taighde ardchaighdeáin. I rith na bliana 2009, chuir an clár UREKA 250 socrúchán oibre samhraidh ar fáil i HEIanna ar fud na tíre le haghaidh fochéimithe Éireannacha agus ó thar lear.

Is tríd na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí thuas go ndéanann taighdeoirí SFI teagmháil le líon mór daoine mórthimpeall na tíre ag leagadh béime ar an taighde thar barr atá á dhéanamh anois i HEIanna na hÉireann agus ag cur buntáiste na hinfheistíochta i T&F chun cinn.

Sa phictiúr seo a tógadh ag Comórtas BT Eolaí Óg na Bliana tá an tOll. Fionn Murtagh, Stiúrthóir, Teicneolaíochtaí Faisnéise, Cumarsáide & Éiritheacha, SFI in éineacht le Patrick O'Doherty, Coláiste Gonzaga, a bhuaigh an Dámhachtain Speisialta de chuid SFI dá thionscadal ar Choigeartú Fuinnimh trí Uathobriú.



Sa phictiúr seo a tógadh ag Comórtas BT Eolaí Óg na Bliana ar an ócáid bronnta duaiseanna don Chomórtas Aiste REMEDI tá an tOll. Matt Griffin, REMEDI, OÉ Gaillimh, an tUas. Batt O'Keefe, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta, buaiteoir an chomórtais aiste Daniel O'Reilly, Castleblayney College, Co. Mhuineacháin, an Dr. Angela Duffy, Medtronic Vascular Galway agus an tOll. Frank Gannon, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



Fógraí Reachtúla agus Eile

1 Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig SFI faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Tá SFI tar éis cloí le forálacha an Achta.

2 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003.

Tá SFI mar chomhlacht forordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 31 Bealtaine 2006. Cloíonn SFI go hiomlán leis an Acht. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, SFI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann SFI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cunta, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002.

Tugtar tuairisc thíos ar chleachtais íocaíochta SFI, arna éileamh ag an Acht, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008. Is é polasaí SFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá modhanna sainiúla in áit a ligean do SFI sonraisc uile a leanúint agus a chinntiú go bhfuil íocaíochtaí déanta roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha arna n-éileamh chun íocaíochtaí caoithiúla a chinntiú. Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2009.

4 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tugann SFI tacaíocht iomlán do phrionsabal an chomhionannais deiseanna i bhfostaíocht. Cuireann sí in aghaidh gach cineál idirdhealaithe ar fhorais datha, ciníochais, náisiúntachta, claonadh gnéis, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó limistéar bunúis), reiligiúin, inscne, stádais phósta, aoise nó míchumais. Léirítear tiomantas SFI i leith deiseanna comhionann a fheidhmiú ina cuid polasaithe, cleachtais agus gnáthaimh, m.sh. earcaíocht, cothú, traenáil, úsáid teanga nach bhfuil idirdhealaitheach i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin de chuid na cuideachta. Is é an cuspóir a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaitear leo ar bhunús a gcumas, eolais agus a gcuid cáilíochtaí agus sin amháin.

5 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989

Cuireann SFI i gcomhchomhairle le Forfás bearta cuí i bhfeidhm, de réir an Achta thuas, chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora laistigh dá cuid oifigí a chosaint.

6 Cairt na gClient

Tá Cairt na gClient foilsithe ag SFI ag leagan amach a cuid tiomantas maidir le hardchaighdeán seirbhíse. Áirítear leis an gCairt seo nós imeachta chun déileáil le gearáin. In 2009, ní bhfuarthas aon ghearáin faoin gCairt.

7 Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

I ndiaidh foilseachán an Chóid Chleachtais Leasaithe um Rialachas na gComhlachtaí Stáit sa bhliain 2009, tá athbhreithniú déanta ag SFI ar a chuid próiseas chun a chinntiú go bhfuil sé ag cloí le forálacha an Chóid Leasaithe. De réir an Chóid Chleachtais Leasaithe um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, soláthraíonn Comhaltaí Boid SFI, nuair a cheaptar ar an mBord iad agus le linn a dtionachta in oifig, sonraí ar leasanna lena bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith bainteach nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an gcomhalta maidir lena chuid/lena cuid feidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta Boid.

8 Cruinnithe Boird/Tinreamh

Tá 12 comhalta ar Bhord SFI, ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Is ionann Córam Bhoird SFI agus cúig chomhalta. Tionóladh na sé chruinniú seo a leanas de Bhord SFI sa bhliain 2009:

Dáta	Líon an Luchta Freastail
26 Eanáir 2009	9
30 Márta 2009	11
25 Bealtaine 2009	12
13 Iúil 2009	10
5 Deireadh Fómhair 2009	9*
14 Nollaig 2009	12

* Ní raibh dhá fholúntas Boird, ag éirí as an bpróiseas scoir atá leagtha amach faoi Alt 9 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, líonta ag an am seo. Líonadh na poist ina dhiaidh sin don chruinniú Boird i mí na Nollag.

Ainm an Stiúrthóra	Nótaí	Tinreamh ag Cruinnithe Boird (6 chruinniú)	Táillí €
An tOll. Pat Fottrell (Cathaoirleach)		6	22,000
Dr. Jim Mountjoy (Leaschathaoirleach)		5	13,000
An tOll. Frank Gannon (Ard-Stiúrthóir)		6	13,000
An tUas. Sean Aherne (a) (b)	Incháilithe freastal ar 5 chruinniú	4	8,000
An tUas. Tom Boland		5	0
An Dr. Rita Colwell*		5	13,000
Bernie Cullinan Uasal (b)		1	0
Helen Keelan Uasal (a)	Incháilithe freastal ar 4 chruinniú	4	8,000
An tUas. Peter MacDonagh		6	13,000
An Dr. Martina Newell-McGloughlin		5	13,000
An tUas. Martin Shanagher		6	0
An Dr. Don Thornhill		5	13,000
An tUas. John Travers		5	13,000

*Tabhair faoi deara: Áiríonn sé seo rannpháirtíocht trí mheán glao comhdhála ó na Stáit Aontaithe i ndáil le ceathrar Ball Boird.

- a) De réir an phróisis atá leagtha amach sa doiciméadúchán a soláthraíodh don Bhoird ag a chruinniú ar 25 Bealtaine 2009, agus d'fhonn cloí le hAilt 9(3) agus 9(4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 maidir le Comhaltas Boird, roghnaíodh na Comhaltaí Boird seo a leanas le dul ar scor:

► *Helen Keelan Uasal (mar an ball is faide seirbhíse); agus*

► *An tUas. Sean Aherne (mar a chinn an beart).*

- b) Athcheapadh an tUas. Sean Aherne ar an mBord ar 7 Nollaig 2009 agus rinne an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan Uasal T.D., ceapachán nua, Bernie Cullinan, ar an dáta céanna.

9 Baill de Choistí an Bhoird 2009

9.1 Foghrúpa an Bhoird ar Dheontais Chláir

An Dr Martina Newell-McGloughlin (Cathaoirleach), An tOll Frank Gannon, An tUas. Peter MacDonagh, An Dr. Gary Crawley*, An Dr. Rita Colwell agus An Dr Eucharía Meehan**.

9.2. Coiste Iniúchóireachta SFI

An Dr. Jim Mountjoy (Cathaoirleach), An Dr. Don Thornhill, An tUas. Aidan Hodson***, An tUas. Sean Aherne, Bernie Cullinan Uasal (cruinniú Nollaig 2009), Helen Keelan Uasal (go dtí am scoir) agus An tUas. Tom Boland.

9.3 Coiste Luach Saothair agus Forbairt Bhainistíochta

An tOll. Patrick Fottrell (Cathaoirleach), An tUas. Sean Aherne, An tUas. Martin Shanagher agus An tUas. John Travers.

Cruinnithe Fhochoiste an Bhoird

1. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta.
2. Bhí naoi gcruinniú ag Foghrúpa an Bhoird ar Dheontais Chláir.
3. Bhí dá chruinniú ag n gCoiste Luach Saothair agus Forbairt Bhainistíochta

Costais an Bhoird

B'ionann costais iomlán an Bhoird don bhliain 2009 agus €32,555.

Teideal Caiteachais	€
Taisteal Iasachta (baill ó thar lear ag freastal ar chruinnithe Boird)	€26,785
Taisteal Intíre	€3,175
Costais Chóiríochta/ Chothabhála/ Deimhnithe	€2,595

Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra


Is ionann pacáiste lucht saothair an Ard-Stiúrthóra don bhliain 2009 agus tuarastal de €298,403 in aghaidh na bliana, gnáthshocruithe pinsin na hearnála poiblí agus carr cuideachta faoi féir sochair chomhchineáil de €14,032. Tá an t-Ard-Stiúrthóir i dteideal páirt a ghlacadh i scéim dhámhachtana i gcoibhneas le feidhmíocht; níor bronnadh aon dámhachtain don bhliain 2009, ach bronnadh dámhachtain de €36,022 don bhliain 2008 agus íocadh leis an Ard-Stiúrthóir é i mí Feabhra 2009

*Iar-Cheannaire ar Stiúrthóireacht TAIGHDE Eolaíoch & Innealtóireacht Teorann, SFI.

**Ceannaire ar Chláir Taighde agus ar Chláir Chaipitil, an tÚdarás um Ardoideachas.

*** Príomhoifigeach, RFTN

Struchtúr Eagraíochtúil



Ráitis Airgeadais Bhliantúla **2009**

31 Nollaig 2009

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

Le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú faoi na polasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach anseo, Polasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagrach as ucht ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 agus as ucht rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasáíochta a bhfuil Glacadh Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasáíochta de chuid Baill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm ná iniúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlíthiúla agus rialála agus na Caighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Déanaim mo thuairim a thuairisciú ar cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasáíochta a bhfuil Glacadh Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé dar liom ar coimeádadh leabhair chuntais chearta. Sa bhreis air sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.

Tugaim tuairisc ar aon ásc ábhartha nuair nár feidhmíodh airgid do na cuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach gclóíonn na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuilim tar éis an t-eolas agus na míniúcháin riachtanacha uile a ghnóthú ar mhaithe le m'iniúchadh. Déanaim athbhreithniú ar cibé an léiríonn an Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus déanaim tuairisciú ar aon chás ábhartha nach ndéantar amhail, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach i leith eolais eile atá agam ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Níl sé de dhíth orm breathnú ar cibé an gclúdaíonn an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus rialúcháin airgeadais uile, nó tuairim a chruthú ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léim eolas eile atá cuimsithe sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breathnaím cibé an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascáil má thugaim aird ar aon mhíríteas nó neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Le linn dom mo fheidhm a bhaint amach mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire) atá eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta agus trí thagairt do na breathnúcháin speisialta a bhaineann leis na comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, d'fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus nochtadh agus rialtacht de chuid na hidirbhearta airgeadais a cuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach le haghaidh cúinsí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, feidhmithe go comhsheasmhach agus nocht go fónta.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an t-eolas agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur bhreathnaigh mé a bheith riachtanach d'fhonn mé a sholáthar le fianaise fónta chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an bhfuil amhail mar thoradh ar chalaos nó mírialtacht nó botún eile. Agus mo thuairim á fhoirmiú agam, rinne mé luacháil freisin ar an leogacht foriomlán de chuid léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim féin, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir, de réir an Chleachtais Chuntasáíochta Coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag 31 Nollaig 2009 agus dá hioncam agus caiteachas don bhliain arna críochnú ansin.

I mo thuairim tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis leabhair chuntais chearta a choinneáil. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.



John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
14 Meitheamh 2010

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird


Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2009

Mar chuid d'Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 tá sé de dhíth ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gnáthchuntais chúí a choinneáil, ina leithéid d'fhoirm agus a d'fhéadfadh a bheith formheasta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Airgeadais, d'airgead faighte agus caite ag an bhFondúireacht agus, ach go háirithe, coinneofar gach cuntas speisialta ina leithéid d'fhoirm agus atá thuasluaite de réir mar is féidir leis an Aire a ordú ó am go ham. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de dhíth ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnach, ach amháin i gcás nach bhfuil sé cuí a thiomhdiú go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag feidhmiú;
- ▶ aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeán Chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chúí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag am ar bith, a suíomh ó thaobh airgid de agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le riachtanais foriomlána Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá na leabhair chuntais seo le fáil ag ceanncheathrú na Fondúireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as ucht a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as ucht bearta réasúnacha a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach



Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 1 Meitheamh 2010

Dáta: 1 Meitheamh 2010

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann aithním an fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach agus ní absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath in achar tráthúil ama.

Tá an Bord tar éis tabhairt faoi roinnt bearta chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chúil i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Cultúr freagrachta a fhorbairt thar leibhéal uile na heagraíochta

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Bheith ag obair go dlúth leis an Rialtas agus Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tacaíocht le haghaidh straitéisí na nGníomhaireachtaí chun na spriocanna sin a bhaint amach
- Riachtanas a leagadh ar an mbainistíocht shinsearach próisis measúnú riosca agus bainistiú riosca a chur i bhfeidhm don Choiste Iníúcháireachta
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha fadtéarmacha agus gearrthéarmacha araon agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na plannanna sin a chomhlíonadh
- Spriocanna bliantúla a leagadh amach do gach réimse dár ngnó chomh maith le tuairisciú rialta a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas de tharmligean agus freagracht. Go háirithe áirítear ann:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord


- Athbhreithniúcháin rialta bainte amach ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail
- Treoirlínte Rialaithe infheistíochta chaipitil sainmhínte go soiléir

Tá feidhm Iníúcháireachta Inmheánaigh bunaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, de réir na Creatlaí leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a tuairiscíonn díreach chuig an gCoiste Iníúcháireachta. Déanann an Coiste Iníúcháireachta comhaontú ar phlean oibre Iníúchta Inmheánaigh bliantúil. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar anailís ar na rioscaí atá i ndán don chomhlacht. Buaileann an Coiste Iníúcháireachta le chéile sé huairé in aghaidh na bliana agus déantar athbhreithniú ar thoradh na n-iníuchtaí inmheánacha sainiúla agus leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Leagann na tuarascálacha seo béim ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha molta atá le glacadh más gá.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a gcuid eolais ó obair an Iníúchóra Inmheánaigh agus an Coiste Iníúcháireachta a dhéanann maoirsiú ar obair an Iníúchóra Inmheánaigh, an rialú á chur i gcrích ag na bainisteoirí Feidhmiúcháin laistigh de SFI ag a bhfuil freagracht as ucht forbairt agus cothú na creatlaí airgeadais, agus nótaí curtha isteach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Deimhním gur bhain an Bord amach athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain 2009.

Sínte thar ceann an Bhoird



Patrick Fottrell
Cathaoirleach

Polasaithe Cuntasaíochta

(1) Bunús na Cuntasaíochta

Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin san áit atá luaite thíos agus tá siad ar aon dul leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go coitianta. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

(2) Aitheantas Ioncaim

Is ionann an t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus fáltais airgid fhíorúla sa bhliain.

(3) Sócmhainní Seasta

Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas, lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar tréimhse measta a saoil úsáideacha (féach Nóta 5).

(4) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil cistí a úsáideadh le haghaidh gnóthú na Sócmhainní Seasta agus scríobhtar síos é de réir na polasaithe dímheasa le haghaidh na sócmhainní seo.

(5) Airgeadra Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá in airgeadra coigríche ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsacha.

(6) Aoisliúntas

Science Foundation Ireland is established as an agency of Forfás in accordance with Section 6 (1) of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act, 2003. Staff employed at the Foundation are legally employees of Forfás and are seconded to the Foundation, consequently, under Sections 2 and 3 of the Second Schedule of the Industrial Development Act, 1993, Forfás is responsible for all employee pension entitlements. Forfás prepares and administers pension schemes for the granting of pension entitlements to its staff including staff seconded to Science Foundation Ireland. Forfás is also responsible for pension reporting requirements, including those set out under FRS 17.

(7) Léasanna Oibríochta

Déantar nithe ar cíós atá faoi léasanna oibríochta a chuntas de réir mar a bhíonn siad dlite.

(8) Íocaíocht Deontais Taighde

Gearrtar méideanna íochta le hInstitiúidí Taighde ar scór na ndeontas taighde ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais sa bhliain eisithe.


Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Ioncam			
Deontas an Oireachtais	1	180,398	170,418
Ioncam Eile	2	125	234
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	5
		180,523	170,657
Caiteachas			
Pá	3	4,545	3,833
Costais Riaracháin	4	4,401	5,844
Dímheas	5	115	128
Deontais	6	171,301	160,138
		180,362	169,943
Farasbarr Glan don Bhliain		161	714
Iarmhéid ag tús na Bliana		115	(603)
Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Caipitil	7	(150)	4
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		126	115

Níl aon ghnóthachain nó cailteanais aitheanta, seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach



Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 1 Meitheamh 2010

Dáta: 1 Meitheamh 2010


Clár Comhardaithe

Amhail ag 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	283	133
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		266	259
Cuntais Infhaighte	8	64	155
		330	414
Cuntais Iníoctha	9	204	299
Glansócmhainní Reatha		126	115
Glansócmhainní		409	248
Ionadaithe Ag:			
Cuntas Caipitil	7	283	133
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		126	115
		409	248

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach



Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 1 Meitheamh 2010

Dáta: 1 Meitheamh 2010

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Réiteach an Fharasbairr/(Easnaimh) don Bhliain chuig Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
Farasbarr don Bhliain		161	714
Ús Bainc	2	(16)	(234)
(Brabús)/Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		0	(5)
Muirear Dímhheasa	5	115	128
Laghdú/(Méadú) i gCuntais Infhála	8	91	(93)
(Laghdú) i gCuntais Iníochta	9	(95)	(805)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		256	(295)
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		256	(295)
Tuairisceán ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadas			
- Ús Bainc	2	16	234
Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil		272	(61)
Maoiniú Caipitil			
- Fáltais ó Dhíolacháin na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		-	17
- Ceannachán na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	(265)	(136)
Méadú / (laghdú) in Airgead Tirim		7	(180)
Réiteach an Mhéadaithe in Airgead Tirim go hAirgead Tirim sa Bhanc			
Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain		7	(180)
Airgead Tirim sa Bhanc ar 01 Eanáir		259	439
Airgead Tirim sa Bhanc ar 31 Nollaig		266	259

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	2009 €'000	2008 €'000
1 Deontas an Oireachtais		
Pá	4,677	4,369
Costais Riaracháin	4,540	5,010
Deontais Taighde	171,181	161,039
	180,398	170,418

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag Alt 4 den Acht um Fhorbairt Tionscail 2009, ní rachaidh líon comhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanais a dhíscáileadh, thar €7,000,000,000. Ag 31 Nollaig, 2009 b'ionann an líon comhiomlán a formheasadh dá réir agus €3,676,428,030.

2 Ioncam Eile

Ús Bainc	16	234
Ciste Nano Science an AE	109	0
Iomlán	125	234

3 Pá

Cuimsíonn Costais Íocaíochta:

Pánna agus Tuarastail	4,184	3,532
Costais Leasa Shóisialaigh	351	291
Costais Aoisliúntais	10	10
Iomlán	4,545	3,833

Poist Cheadaithe

Poist Cheadaithe	54	54
Fostaithe Lánaimseartha (ag deireadh na bliana)	54	50
Foireann Sealadach Fostaithe (ag deireadh na bliana)	-	1
Iomlán	54	51

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	2009 €'000	2008 €'000
4(a) Costais Riaracháin		
Luach Saothair agus Costais Bhaill an Bhoird – (féach thíos)	162	235
Bainistíocht Chláir	1,245	1,236
Áiseanna	834	805
Táillí Gairmiúla	419	900
Cothú Margaíochta & PR	917	1,420
Bonneagar & Tacaíocht TF	325	560
Costais Taistil & Cothaithe	121	91
Bainistíocht AD	157	284
Troscán & Trealamh Oifige	6	16
Costais Oifige Ghinearálta	194	281
Táille Iniúchta	21	16
Iomlán	4,401	5,844

4(b) Luach Saothair agus Costais an Bhoird

	Luach Saothair 2009 €'000
Baill an Bhoird	
Sean Ahearne	8
Tom Boland	0
Rita Colwell	13
Bernie Cullinan*	0
Patrick Fottrell (Cathaoirleach)	22
Frank Gannon	13
Helen Keelan	8
Pater MacDonagh	13
Martina Newell McGloughlin	13
James Mountjoy	13
Martin Shanagher	0
Don Thornhill	13
John Travers	13
Iomlán	129

Ba ionann costais na gComhaltáí Boird sa bhliain 2009 agus €32,555, briste síos mar €26,785 i leith taistil eachtraigh, maidir le trí Chomhalta Boird atá thar lear den chuid is mó, beirt acu atá bunaithe sna Stáit Aontaithe agus €3,175 maidir le taisteal intíre agus míleáiste. Baineann an t-iarhmhéid de €2,595 le costais chóiríochta, chothaithe agus teagmhasacha.

Ba ionann pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra ag 31 Nollaig 2009 agus tuarastal de €298,403 in aghaidh na bliana, gnáthshocruithe pinsin na hearnála poiblí agus carr cuideachta faoi réir sochair chomhchineáil de €14,032. Tá an tArd-Stiúrthóir i dteideal páirt a ghlacadh i scéim dhámhachtana i gcoibhneas le feidhmíocht; níor bronnadh aon dámhachtain don bhliain 2009, ach bronnadh dámhachtain de €36,022 don bhliain 2008 agus íocadh leis an Ard-Stiúrthóir é i mí na Feabhra 2009.

* Ceaptha ar an 7ú Nollaig 2009.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaire €'000	Bogearraí Ríomhaire €'000	Forbairt Bogearraí Ríomhaire €'000	Mótar- fheithiclí €'000	Suiteacha & Feistis €'000	lomlán €'000
Costas						
Ag 1 Eanáir 2009	508	383	-	47	197	1,135
Breiseanna	142	-	119	-	4	265
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Ag 31 Nollaig 2009	650	383	119	47	201	1,400
Dímheas						
Ag 1 Eanáir 2009	437	383	-	12	170	1,002
Muirear don Bhliain	92	-	-	12	11	115
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Ag 31 Nollaig 2009	529	383	-	24	181	1,117
Glanmhéid na Leabhar						
Ag 1 Eanáir 2009	71	-	-	35	27	133
Glan-Ghluaiseacht don Bhliain	50	-	119	(12)	(7)	150
Ag 31 Nollaig 2009	121	-	119	23	20	283

Díscríobhtar costas na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe i dtráthchodanna cothroma thar tréimhse a saoil úsáideacha mar seo a leanas:

- (i) Trealamh Ríomhaireachta & Bogearraí Ríomhaireachta 3 bliana
- (ii) Mótarfheithiclí 4 bliana
- (iii) Suiteacha & Feistis 5 bliana

Tabhair faoi deara – Ní dhéantar dímheas ar Fhorbairt ar Bhogearraí Ríomhaireachta go dtí go gcoimisiúnaítear í.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	2009 €'000	2008 €'000
6 Deontais		
(a) Anailís ar Dheontais Íochta		
Deontais Bhiteicneolaíochta	76,494	69,673
Deontais na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	66,485	67,821
Deontais um Teorainneacha Taighde	22,710	22,644
Charles Parsons – féach Nóta 6 (c) thíos (Poblacht na hÉireann amháin)	5,612	-
Iomlán	171,301	160,138

Tá deontais iníochta le hinstiúidí tríú leibhéal an hÉireann chun tionscadail taighde bhunúsacha den chéad scoth a bhaint amach.

(b) Ceangaltais Deontais (lena n-áirítear Charles Parsons)

Ceangaltais Deontais Gan Íoc mar a bhí ag 01 Eanáir	477,623	411,317
Deontais Formheasta i rith na bliana	96,016	243,548
Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons (féach 6 (c) thíos)	11,809	-
Díshílithe i rith na bliana	(12,201)	(17,104)
Íocaíochtaí Deontais déanta sa bhliain	(165,688)	(160,138)
Íocaíochtaí de chuid Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons (féach 6 (c) thíos)	(7,873)	-
Tiomantais Gan Íoc mar a bhí ag 31 Nollaig	399,686	477,623

(c) Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons

Buncheangaltais Dámhachtana - 2006	19,682	-
Luach na nDámhachtainí Charles Parsons glactha ag SFI	(7,873)	-
Luach na nDámhachtainí Charles Parsons glactha ag SFI	11,809	-
Íocaíochtaí Dámhachtana (Nollaig 2009 – Poblacht na hÉireann) – Íochta ag SFI	(5,612)	-
Íocaíochtaí Dámhachtana (Nollaig 2009 – Tuisceart Éireann) – Íochta ag DFTF	(2,261)	-
Íocaíochtaí Dámhachtana tar éis gnóthaithe ag SFI	(7,873)	-
Ceangaltais Deontais de chuid Parsons le híoc 31 Nollaig 2009*	3,936	-

*Tá €1,130,112 de seo iníochta le comhlachtaí taighde i dTuisceart Éireann.

Bhronn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna (RCFAD) Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons ar sheacht thaighdeoir i sé instiúidí taighde sa bhliain 2006. Tá dhá cheann de na hinstiúidí taighde, Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, lonnaithe i dTuisceart Éireann.

Bronnadh na dámhachtainí uile i Euro.

I mí na Nollag 2009, sannadh freagracht an RCFAD as Dámhachtainí Charles Parson don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF). D'iarr RFTF go ndéanfadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann bainistiú agus riar oifigiúil ar Dhámhachtainí Charles Parson ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarmaí faoi seach.

Bhí an dara tráinse d'íocaíochtaí na nDámhachtainí Charles Parson dlite i mí na Nollag 2009. D'íoc RFTF instiúidí taighde Thuaisceart Éireann agus d'íoc SFI instiúidí Phoblacht na hÉireann.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	2009 €'000	2008 €'000
7 Cuntas Caipitil		
Ag 1 Eanáir	133	137
Tarchur ón/(chuig an) gCuntas Ioncaim & Caiteachais		
- Chun maoiniú a dhéanamh ar ghnóthuithe Sócmhainne Seasta	265	136
- Costas na nDiúscairtí	-	(128)
- Amúchta faoi réir dímheas sócmhainne	(115)	(128)
- Dímheas ar Dhiúscairtí	-	116
Glan-Ghluaiseacht	150	(4)
Ag 31 Nollaig	283	133
8 Cuntais Infhaighte		
Féinchiúnaithe Ginearálta	5	33
Réamhíocaíochtaí	59	122
Iomlán	64	155
9 Cuntais Iníochta		
Creidiúnaithe Ginearálta	1	202
Fabhruithe	185	64
Iarmhéid Idirghníomhaireachta	18	33
Iomlán	204	299

Baineann Iarmhéid Idirghníomhaireachta leis an iarmhéid a dhlíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann do Forfás ar 31 Nollaig 2009, agus é mar an difríocht idir an méid airgid íochta le Forfás ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an t-airgead iarbhír a chaith Forfás thar ceann Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

10 Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin

I láthair na huaire, níl tiomantais ar bith ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi léasanna oibriúcháin ar an bhfoirgneamh, ach íoctar cíos le Forfás mar ranníocaíocht do na costais léasa tabhaithe ag Forfás.

11 Cánachas

Díolmhaíonn Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, SFI ó chánachas breise ar ioncam cíosa Cás IV agus Cás V de bhreis ar sin a asbhaintear ag an bhfoinse.

12 Comhaltaí Boird - Nochtadh na nIdirbheart

I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann dul i mbun socrúithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann fostaithe nó leasmhar ar bhealach eile. Tá nósanna imeachta glactha ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann de réir na dtreorlíní eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le Comhaltaí Boird ag nochtadh léasanna agus tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana.

13 Teagmhais agus Gníomhaíochtaí Dlíthiúla

Níl aon teagmhais nó gníomhaíochtaí dlíthiúla ar bith go bhfuil foráil ar leith de dhíth orthu sna Ráitis Airgeadais.

14 Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhadh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na Ráitis Airgeadais ar 1 Meitheamh 2010.

Ceangaltais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2009

Íocaíochtaí 2009 de réir Institiúide

	€'000
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	39,762
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	37,807
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	20,791
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*	18,934
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	16,796
Institiúid Náisiúnta Tyndall	12,220
Ollscoil Luimnigh	8,406
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	8,115
RCSI	3,631
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	1,785
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	1,062
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	768
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	287
Teagasc	235
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	196
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	129
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	122
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	117
Georgia Tech Ireland	62
Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí	56
Fighting Blindness	20
Móriomlán	171,301



*Tabhair faoi deara go ndéanann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla cómhaoiniú ar dhámhachtainí áirithe a bhronntar ar OÉ Gaillimh

Íocaíochtaí 2009 de réir Clár

	€'000
Imscrúdaitheoirí	51,663
CSET	29,264
An Clár um Theorainneacha Taighde	27,418
SRC	27,301
STOKES	6,391
Ollúnacht Taighde	4,638
PIYRA	4,231
Tionscnamh Mata	4,072
Walton	1,736
UREKA	1,687
SIRG	1,581
Láir	1,360
Fordheontais	996
Clár Ollúnacht & Léachtóireacht Innealtóireachta	873
Comhpháirtíocht T&F SA- Éire	725
TIDA	585
Comhdháil & Ceardlann	341
NanoSci-E+ Transnational Call	254
Fordheontas Thuaidh-Theas	236
Comhaltacht Taistil Gearrthéarmach	158
Comhpháirtíocht Taighde Idirnáisiúnta Fordheontas	90
WISER	89
Iomlán	165,689
Charles Parsons**	5,612
Móriomlán	171,301

**Poblacht na hÉireann amháin

Ceangaltais Deontais 2009 de réir Clár

Clár	€'000
Imscrúdaitheoirí	26,519
CSET	24,221
An Clár um Theorainneacha Taighde	14,576
SRC	12,693
SIRG	8,456
Comhpháirtíocht T&F SA- Éire	2,416
UREKA	1,612
Walton	1,171
PIYRA	1,060
NanoSci-E+ Transnational Call	793
Láir	657
TIDA	651
Comhdháil & Ceardlann	300
Fordheontas Thuaidh-Theas	226
Comhaltacht Taistil Gearrthéarmach	189
Fordheontas Comhpháirtíochta Taighde Idirnáisiúnta	183
Fordheontas Máithreachais	164
WISER	130
Iomlán	96,017
Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons	11,809
Móriomlán	107,826

Cuireann na suimeanna uile forchostais san áireamh nuair is infheidhme

An Líon Dámhachtana 2009 de réir Institiúide

	Líon Deontas
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	55
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	57
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	30
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	27
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	19
Institiúid Náisiúnta Tyndall	15
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	13
RCSI	10
Ollscoil Luimnigh	8
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	4
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	3
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	2
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	2
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	1
Fighting Blindness	1
Georgia Tech Ireland	1
Teagasc	1
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste	1
Ollscoil Uladh	1
Iomlán	251

Ceangaltais Deontais 2009, An Líon Dámhachtana de réir Clár

Clár	Líon Deontas
Clár Teorainne Taighde	68
Comhdháil & Ceardlann	30
Comhaltacht Taistil Gearrthéarmach	25
Imscrúdaitheoirí	22
SIRG	16
Walton	16
Fordheontas Máithreachais	11
WISER	10
TIDA	8
WISER – Socrúchán Samhraidh	8
Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons	7
Suíomh UREKA	6
Comhoibriú Thuaidh-Theas	4
Comhpháirtíocht T&F SA- Éire	4
NanoSci-E+ Transnational Call	3
Fordheontas CSET	2
SRC	2
Fordheontas UREKA	2
Lárionaid	1
CSET	1
Fordheontas Tionscail CSET	1
Fordheontas Comhpháirtíochta Taighde Idirnáisiúnta	1
Comhpháirtíochtaí Taighde Idirnáisiúnta Fordheontas	1
PIYRA	1
Pleanáil SA-Éire	1
Iomlán	251

Taighde do Thodhchaí na hÉireann

Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Éire

t: + 353 1 607 3200

f: + 353 1 607 3201

e: info@sfi.ie

w: www.sfi.ie